

# Plean don Ghaeilge i gContae Chill Dara 2024-2030 Dréacht 0.1

# Irish Language Plan in County Kildare 2024-2030 Draft 0.1

# An bealach chun cinn


**straitéis seacht mbliana don Ghaeilge i gContae Chill Dara ó phobal Chontae Chill Dara.**

# The way forward

**a seven-year strategy for the Irish language in County Kildare by the people of County Kildare.**

"Má labhraíonn tú le fear i dteanga a thuigeann sé, téann sé sa cheann air. Má labhraíonn tú leis ina theanga féin, téann sé sa chroí air."

Nelson Mandela



“If you talk to a man in a language he understands, that goes to his head. If you talk to him in his language, that goes to his heart.”

Nelson Mandela

# Clár


**Roinn 1:**

8 Réamhrá

8 Cé hIad Cill Dara le Gaeilge agus cén fáth a bhfuil plean Gaeilge á fhoilsiú acu do Chontae Chill Dara?

10 Cén fáth go bhfuil gá le plean teanga do Chontae Chill Dara?

10 An Ghaeilge i gContae Chill Dara

12 Struchtúr an phlean teanga

13 Plean teanga a ullmhú

16 Spriocanna ardleibhhéil sa phlean teanga seacht mbliana seo

17 Rannphairtíocht pobail

18 **Roinn 2:** Fís do Chontae Chill Dara taobh istigh d'achar ama an phlean seo

19 Príomhaidhmeanna do Chontae Chill Dara

20 Bearta agus gníomhartha ar leibhéal an chontae

26 Critéir ratha do Chontae Chill Dara

**Roinn 3.1 Ceantar Bardasach Áth Í**

28 Fís do Cheantar Bardasach Átha Í

28 Comhthéacs do Cheantar Bardasach Áth Í

29 Príomhaidhmeanna do Cheantar Bardasach Áth Í do na seacht mbliana amach romhainn.

29 Bunchlocha do Cheantar Bardasach Áth Í

30 Na 11 réimse gníomhaíochta ag Ceantar Bardasach Áth Í:

- An Ghaeilge sa teaghlach
- An Ghaeilge sa phobal
- An Ghaeilge i gcúrsaí gnó
- Oideachas trí mheán na Gaeilge
- An Ghaeilge i scoileanna Béarla
- Daoine fásta ag foghlaim na Gaeilge
- Grúpaí pobail
- An Óige sa phobal
- Seirbhísí poiblí
- Líonrú le pobail Ghaeilge eile
- Poiblíocht agus feasacht

32 **Bearta agus gníomhartha don 11 réimse**

32 An Ghaeilge sa teaghlach

32 An Ghaeilge sa phobal

33 An Ghaeilge i gcúrsaí gnó
33 Oideachas trí mheán na Gaeilge
33 An Ghaeilge i scoileanna Béarla
34 Daoine fásta ag foghlaim na Gaeilge
34 Grúpaí pobail
34 An Óige sa phobal
35 Seirbhísí poiblí
35 Líonrú le pobail Ghaeilge eile
36 Poiblíocht agus feasacht

**Roinn 3.2 Ceantar Bardasach Chill Dara / An Droichead Nua**

38 Fís do Cheantar Bardasach Chill Dara / An Droichead Nua
38 Comhthéacs do Cheantar Bardasach Chill Dara / An Droichead Nua
39 Príomhaidhmeanna do Cheantar Bardasach Chill Dara / An Droichead Nua do na seacht mbliana amach romhainn.
39 Bunchlocha do Cheantar Bardasach Chill Dara / An Droichead Nua
40 Na 11 réimse gníomhaíochta ag Ceantar Bardasach Chill Dara / An Droichead Nua:

- An Ghaeilge sa teaghlach
- An Ghaeilge sa phobal
- An Ghaeilge i gcúrsaí gnó
- Oideachas trí mheán na Gaeilge
- An Ghaeilge i scoileanna Béarla
- Daoine fásta ag foghlaim na Gaeilge
- Grúpaí pobail
- An Óige sa phobal
- Seirbhísí poiblí
- Líonrú le pobail Ghaeilge eile
- Poiblíocht agus feasacht

42 Bearta agus gníomhartha don 11 réimse
42 An Ghaeilge sa teaghlach
42 An Ghaeilge sa phobal
43 An Ghaeilge i gcúrsaí gnó
43 Oideachas trí mheán na Gaeilge
44 An Ghaeilge i scoileanna Béarla
44 Daoine fásta ag foghlaim na Gaeilge

44 Grúpaí pobail
45 An Óige sa phobal
45 Seirbhísí poiblí
46 Líonrú le pobail Ghaeilge eile
46 Poiblíocht agus feasacht
**Roinn 3.3 Ceantar Bardasach Chill Droichid / Léim an Bhradáin**
48 Fís do Cheantar Bardasach Chill Droichid / Léim an Bhradáin
48 Comhthéacs do Cheantar Bardasach Chill Droichid / Léim an Bhradáin
48 Príomhaidhmeanna do Cheantar Bardasach Chill Droichid / Léim an Bhradáin do na seacht mbliana amach romhainn.
49 Bunchlocha do Cheantar Bardasach Chill Droichid / Léim an Bhradáin
49 Na 11 réimse gníomhaíochta ag Ceantar Bardasach Chill Droichid / Léim an Bhradáin:

- An Ghaeilge sa teaghlach
- An Ghaeilge sa phobal
- An Ghaeilge i gcúrsaí gnó
- Oideachas trí mheán na Gaeilge
- An Ghaeilge i scoileanna Béarla
- Daoine fásta ag foghlaim na Gaeilge
- Grúpaí pobail
- An Óige sa phobal
- Seirbhísí poiblí
- Líonrú le pobail Ghaeilge eile
- Poiblíocht agus feasacht

51 Bearta agus gníomhartha don 11 réimse
51 An Ghaeilge sa teaghlach
51 An Ghaeilge sa phobal
51 An Ghaeilge i gcúrsaí gnó
52 Oideachas trí mheán na Gaeilge
52 An Ghaeilge i scoileanna Béarla
52 Daoine fásta ag foghlaim na Gaeilge
52 Grúpaí pobail
53 An Óige sa phobal
53 Seirbhísí poiblí
53 Líonrú le pobail Ghaeilge eile

53 Poiblíocht agus feasacht

Roinn 3.4 *Ceantar Bardasach Mhaigh Nuad – eolas le teacht*

**Roinn 3.5 Ceantar Bardasach Nás na Ríogh**

57 Fís do Cheantar Bardasach Nás na Ríogh

57 Comhthéacs do Cheantar Bardasach Nás na Ríogh

59 Príomhaidhmeanna do Cheantar Bardasach Nás na Ríogh do na seacht mbliana amach romhainn.

59 Bunchlocha do Cheantar Bardasach Nás na Ríogh

60 Na 11 réimse gníomhaíochta ag Ceantar Bardasach Nás na Ríogh:

- An Ghaeilge sa teaghlach
- An Ghaeilge sa phobal
- An Ghaeilge i gcúrsaí gnó
- Oideachas trí mheán na Gaeilge
- An Ghaeilge i scoileanna Béarla
- Daoine fásta ag foghlaim na Gaeilge
- Grúpaí pobail
- An Óige sa phobal
- Seirbhísí poiblí
- Líonrú le pobail Ghaeilge eile
- Poiblíocht agus feasacht

64 Bearta agus gníomhartha don 11 réimse

64 An Ghaeilge sa teaghlach

65 An Ghaeilge sa phobal

67 An Ghaeilge i gcúrsaí gnó

68 Oideachas trí mheán na Gaeilge

69 An Ghaeilge i scoileanna Béarla

70 Daoine fásta ag foghlaim na Gaeilge

72 Grúpaí pobail

73 An Óige sa phobal

75 Seirbhísí poiblí

76 Líonrú le pobail Ghaeilge eile

77 Poiblíocht agus feasacht

78 An Ghaeilge i gContae Chill Dara – stair

# Réamhrá

Seo chugaibh an dara plean Gaeilge do Chontae Chill Dara. Tá an plean seacht mbliana seo curtha le chéile ag an eagraíocht neamhbhrabúis, *Cill Dara le Gaeilge* (CDleG), i gcomhar le grúpaí, eagraíochtaí agus daoine aonair taobh istigh de Chontae Chill Dara.

Tá forbairt scéimeanna teanga do cheantair cheapáirithe - Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta, Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus Líonraí Gaeilge - mar dhlúthchuid de straitéis 2010-2030 na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. https://www.chg.gov.ie/app/ uploads/2015/07/Straiteis-20-Bliain-Leagan- Gaeilge.pdf Níl teimpléad ar fáil ag an Roinn ag leibhéal contae.

**CÉ hIAD CILL DARA LE GAEILGE AGUS CÉN FÁTH A bhFUIL PLEAN GAEILGE Á FHOILSIÚ ACU DO CHONTAE CHILL DARA?**

***Cé hiad Cill Dara le Gaeilge*?**

Tá Cill Dara le Gaeilge (CDleG) ar an bhfód ó bhí 2015 ann. Grúpa pobail mar chuid de Shult na Sollán a bhí ann ag an am sin, ach bunaíodh mar chomhlacht é in 2017 agus tá sé ag dul ó neart go neart ó shin. Baill an chéad bhoird CDleG ná: Daithí de Faoite (cathaoirleach), Eithne Ní Fhlathartaigh (rúnaí), Dara Ó Maitiú (cisteoir), Siobhain Grogan, Máire Uí Chéitinn, Dónall Ó Riagáin agus Treasa Uí Riagáin. D'éirigh Máire as an mbord agus tháinig Mairéad Ní Neachtain agus Séamus Ó Ceanainn ar an mbord i 2021. Ceapadh Ger Ní Fhlatharta, Ruairí Ó hAilín agus Marcas Ó Loinneacháin mar chomhaltaí den bhord sa bhliain chéanna.

A bhuí le *Scéim Tacaíochta Gaeilge na Roinne* (STG), d'éirigh linn ár gcéad fhostaí lánaimseartha, Sarah Walsh, a fhostú i bhfómhar 2021 agus tar éis Conchúr Ó Luadhóg a bheith ag obair linn don samhraidh 2022, fostaíodh an dara duine lánaimseartha, Caoimhe Ní Shúilleabháin, i bhfómhar 2022 le tacaíocht ón *Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge 2022-2024*.

Is é príomhaidhm Chill Dara le Gaeilge ná an Ghaeilge a chur chun cinn sa chontae agus chuige sin dírímid ar cheithre réimse oibre go príomha:

- An Ghaeilge sa phobal (*Teaghlaigh Chill Dara* san áireamh)
- Pleanáil teanga
- Scéim gnó (*Gnó Chill Dara*)
- Cultúrlann Chill Dara.

**An Ghaeilge sa phobal**

Tá fobhranda *Teaghlaigh Chill Dara* ag CDleG. Tá grúpa Whatsapp ann agus tugann sé sin deis do thuismitheoirí teachtaireachtaí agus acmhainní a roinnt i bhfóram neamhoifigiúil. Bíonn neart imeachtaí á n-eagrú ag CDleG do theaghlaigh, idir ranganna agus tacaíocht do thuismitheoirí a bhfuil a leanaí ag freastal ar Ghaelscoileanna (an scéim *Tús Maith*), seisiúin léitheoireachta do pháistí i leabharlann Nás na Ríogh gach coicís agus imeachtaí do theaghlaigh i measc go leor eile.

Don phobal i gcoitinne, bíonn club leabhar míosúil ar siúl, chomh maith le himeachtaí eile ar nós Pop-Up Gaeltachtaí, siúlóidí, turais agus ranganna do gach leibhéal d'fhoglaimeoirí. Bíonn fáilte roimh dhaoine a bhfuil gach leibhéal Gaeilge acu freastal ar na himeachtaí.

**Pleanáil teanga**

D'fhoilsigh Sult na Sollán an chéad phlean teanga contae in 2019. D'fhoilsigh CDleG an dara plean, an plean seo, in 2024. Tá sé mar sprioc ag CDleG plean contae nua a fhoilsiú gach seacht mbliana as seo amach. Cé gurb iad CDleG a fhoilsíonn na pleananna, is ar son an phobail a fhoilsítear iad.

Mar chuid den phróiseas pleanála teanga, eagraítear Meitheal Chill Dara gach bliain i gcomhpháirt le grúpaí pobail difriúla ó cheantair bhardasacha difriúla. Tá tuilleadh eolais faoin bpróiseas pleanála teanga ar fáil ar lch ???

**Scéim Gnó**

Athsheoladh an scéim Gnó Chill Dara ag tús 2022, faoi fhobhranda nua. Tacaíonn an scéim le gnóthaí ar mian leo a ngnó a chur chun cinn trí mheán na Gaeilge, nó seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge. Tá trí chatagóir sa scéim:

- Seirbhís i nGaeilge
- Comharthaíocht
- Margaíocht agus Brandáil

Tugtar tacaíocht do ghnóthaí freisin bogadh i dtreo aitheantas náisiúnta a bhaint amach tríd an scéim "Gradaim" atá ag Glór na nGael (www.gradaim.ie).

**Cultúrlann Chill Dara**

Is cuid den fhís fhadtéarmach atá ag CDleG Cultúrlann Chill Dara a bhunú, ionad a bheidh ina áis don chontae ar fad chun an cultúr agus an Ghaeilge a chur chun cinn. Idir an dá linn bíonn neart imeachtaí cultúrtha á n-eagrú againn sa chontae.

**CÉN FÁTH GO BHFUIL GÁ LE PLEAN TEANGA DO CHONTAE CHILL DARA?**

Cé go raibh clár an-ghníomhach á reáchtáil ag Sult na Sollán / Cill Dara le Gaeilge don Ghaeilge i gceantar Nás na Ríogh / na Sollán níorbh ann do phlean meántéarmach / fadtéarmach d'fhorbairt na teanga go dtí 2019. Bhí caidreamh á chothú acu le forais stáit dála Foras na Gaeilge agus Comhairle Contae Chill Dara. Bhí na grúpaí ag obair chomh maith le scoileanna/clubanna áitiúla agus le cumainn dheonacha dála CLG agus Comhaltas Ceoltóirí Éireann agus le heagraíochtaí náisiúnta Gaeilge dála Conradh na Gaeilge agus Glór na nGael.

Ba mhór an cúnamh an plean cúig bliana sin chun struchtúir a chur ar obair Shult na Sollán agus Chill Dara le Gaeilge go háirithe nuair a d'athraigh Cill Dara le Gaeilge fócas an chomhlachta ó chúrsaí gnó amháin go dtí na ceithre réimse seo a leanas in 2020:

- An Ghaeilge sa phobal (*Teaghlaigh Chill Dara* san áireamh)
- Pleanáil teanga
- Scéim gnó (*Gnó Chill Dara*)
- Cultúrlann Chill Dara.

Níl plean ar bith fiúntach muna ndéantar athbhreithniú rialta air. Chinn an coiste ón tús gur dhoiciméad beo a bheadh sa phlean agus nach rud 'críochnaithe' é uair a fhoilsithe agus a sheolta. Rinne baill an choiste athbhreithniú rialta ar an bplean. Uair amháin gach bliain, rinne siad uasdátú ar an bplean féin agus cuireadh leagan digiteach nua in airde ar shuíomh www.sultnasollan.ie agus www.cilldaralegaeilge.ie. In 2020, chuir grúpa nua, Gaeilge Nuada, smaointe ó phobal Mhaigh Nuad leis an leagan digiteach.

Ó seoladh an chéad phlean contae ag tús 2019, bunaíodh Glór an Churraigh i mí na Samhna 2019, bunaíodh Gaeilge Nuada i mí Mheán Fómhair 2020, bunaíodh Gaeilge an Bhradáin i mí an Mhárta 2022 agus bunaíodh Gaeilge Chois Bhearú in 2023. Is cúis bróid é do phobal na Gaeilge i gContae Chill Dara go bhfuil grúpa pobal sna cúig cheantar bardasacha ag obair ar son na teanga anois agus gur tharla sé sin le linn shaolré an chéad phlean. Toisc go bhfuil grúpa pobail ag feidhmiú anois i ngach ceantar bardasach, tá rannóg ag gach ceantar bardasach sa dara plean contae seo, ach is dul chun cinn iontach é sin. Giorraíonn beirt bóthair, giorraíonn cúig ghrúpa níos tapúla é!

**AN GHAEILGE I gCONTAE CHILL DARA**

De réir Dhaonáireamh 2022 tá Gaeilge ag ?????? duine atá os cionn trí bliana d'aois i gContae Chill Dara; is ionann sin agus ????% den daonra atá os cionn trí bliana d'aois sa chontae. Leagtar amach i gcodanna eile den doiciméad seo torthaí Dhaonáireamh 2022 agus treochtaí forbartha sa chontae i gcoitinne.

Tá seacht naíonra, naoi nGaelscoil, dhá Ghaelcholáiste agus Ollscoil i gContae Chill Dara. Tá sé riachtanach, más ea, a chinntiú go mbíonn fáil níos éasca ar sheirbhísí agus ar dheiseanna ag na glúnta atá le teacht ar ghnáth-ghníomhaíochtaí laethúla trí Ghaeilge. I gContae Chill Dara, léiríonn Ollscoil Mhá Nuad fíor-thiomantas don Ghaeilge agus dá cur chun cinn. Tá an Roinn Ollscoile Nua-Ghaeilge is mó sa tír in Ollscoil Mhá Nuad chomh maith le Lárionad na Gaeilge a eagraíonn scrúduithe TEG (Teastas Eorpach na Gaeilge), Oifigeach Gaeilge lánaimseartha, Cuallacht Cholmcille (an cumann mac léinn don Ghaeilge is sine sa tír) agus lárionad atá tiomnaithe don chultúr Gaelach agus a mhúineann an Ghaeilge mar ábhar i gcuid de na ranganna oideachais.

Is ann do roinnt grúpaí áitiúla atá ag saothrú go dian le blianta beaga anuas ag cur na teanga chun cinn sa chontae agus tá rath nach beag orthu i roinnt réimsí e.g. ciorcail chomhrá a bhfuil freastal maith orthu, imeachtaí sóisialta, ranganna comhrá Gaeilge, cúrsaí samhraidh Gaeilge, ógchlubanna Gaeilge, féilte, cláir leathana do Sheachtain na Gaeilge agus go leor imeachtaí do chainteoirí líofa is d'fhoghlaimeoirí araon. Tá tacaíocht á fháil ag go leor den obair seo atá ar siúl sa phobail ó ghrúpaí náisiúnta dála Conradh na Gaeilge agus Glór na nGael. Eagraíonn leabharlanna Chill Dara imeachtaí Gaeilge agus dátheangacha i gcuid dá mbrainsí freisin.

Tá sé rí-thábhachtach go n-aithneofar go mbíonn go leor daoine ar fud an chontae ag saothrú leo chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Grá don teanga a spreagann an chuid is mó díobh chun deiseanna a chruthú ina labhraítear an Ghaeilge, chun í a chur chun cinn mar theanga bheo agus chun í a thabhairt ar aghaidh chuig an chéad ghlúin eile.

Tá sé mar aidhm ag an bplean seo cabhrú leis an gcumarsáid agus an caidreamh atá idir iadsan uile atá bainteach leis an nGaeilge i gContae Chill Dara agus deiseanna nua a sholáthar do chainteoirí rialta is don lucht foghlamtha araon.

**DÚSHLÁIN**

Mar atá ráite cheana, ní raibh grúpa pobal dírithe ar an nGaeilge in gach ceantar bardasach sa chontae go dtí 2023. Dá bhrí sin, ní raibh plean dírithe ar gach cuid den chontae go dtí seo. Is é seo an dara plean don chontae, ach is é an chéad uair a bheidh rannóg ag na cúig cheantar bhardasacha i bplean. Plean uaillmhianach atá ann ach díríonn a chur chuige modúlach ar phleanáil taobh istigh de gach ceantair bardasacha ar leith.

Níl éinne fostaithe faoi láthair chun freagracht a ghlacadh as forbairt na Gaeilge sa chontae, ach amháin i gceantar bardasach Nás na Ríogh. Beidh sé ina dhushlán do ghrúpaí deonacha sa chontae plean a chur i bhfeidhm gan tacaíocht ó oifigeach forbartha teanga lánaimseartha.

Beidh maoiniú ina dhushlán chun aidhmeanna an phlean a bhaint amach. Is iomaí imeacht/gníomhaíocht Gaeilge atá féin-mhaoinithe sa lá atá inniu ann. Is féidir foinsí ó fhorais dála Foras na Gaeilge, Comhairle Contae Chill Dara agus ó fhoinsí eile mar dhuais-airgid Ghlór na nGael agus maoiniú ó Éire Ildánach/An Chomhairle Ealaíon a fhiosrú de réir mar is cuí. Tá ról tacaíochta fosta le himirt ag leabharlanna áitiúla, scoileanna agus gnóthaí áitiúla trí imeachtaí a eagrú nó iad a óstáil.

**STRUCHTÚR AN PHLEAN TEANGA**

Nuair a thosaigh Sult na Sollán ag obair ar phlean teanga ag tús 2017, níorbh ann d'aon ghrúpa eile a bhí dírithe ar an nGaeilge i gContae Chill Dara chun cabhrú leis an gcúram. Bhí Sult na Sollán dóchasach go dtiocfadh athrú air sin faoin am go dtiocfadh deireadh leis an gcéad phlean agus bhí sé mar sprioc sa chéad phlean sin go mbeadh grúpa amháin eile ar a laghad ar an bhfód i gceantar bardasach eile sa chontae agus go mbeadh ionchur ón ngrúpa sin sa chéad phlean eile. Chun an rún sin a léiriú, cuireadh leathanach ionadchoinneálaí ar leith isteach do gach ceantar bardasach. Chun go mbeadh tuiscint ag an bpobal timpeall an chontae ar an obair a bhí ar siúl, chuaigh an coiste pleanála teanga ar camchuairt chuig gach ceantar bardasach sa chontae.

Tá daonra de 246,977 i gContae Chill Dara (Daonáireamh 2022) agus mórchríoch de 1,695 $km^2$. Chomh maith le fís a bheith againn don chontae uile, mheas an coiste pleanála go mbeadh sé praiticiúil agus soláimhsithe an plean teanga seo a roinnt de réir na gcúig cheantar bhardasacha i gContae Chill Dara: Áth Í, Cill Dara/An Droichead Nua, Cill Droichid/Léim an Bhradáin, Maigh Nuad agus Nás na Ríogh.

## Plean Teanga a Ullmhú

Agus an plean teanga seo a ullmhú, tá céimeanna úsáideacha leagtha amach ag Gaelphobal don phleanáil teanga. (https://gaelphobal.ie/pleanail-teanga/ceimeanna-le-plean-a-ullmhu/?lang=ga). Toisc gur plean ar bhonn contae é seachas plean a bhaineann le ceantar – luaitear daonra 246,977 le Contae Chill Dara i nDaonáireamh 2022 in achar 1,695km$^2$ - ní raibh sé indéanta an próiseas ceannann céanna a leanúint. Sin ráite, bhí sé tábhachtach go mbeadh próiséas soiléir ann, a bhí aontaithe ag an gceanneagraíocht, Cill Dara le Gaeilge, agus go mbeadh tuiscint ar an bpróiseas ag an bpobal i gcoitinne agus deis ag gach éinne ar mian leo, páirt a ghlacadh sa phróiseas.

### Céim 1: Aidhmeanna an phróisis pleanála teanga a chomhaontú

Ar dtús, chomhaontaigh an coiste pleanála teanga agus an cheanneagraíocht, Cill Dara le Gaeilge, aidhmeanna agus cuspóirí an phlean teanga. Is ar-riachtanais an chontae agus ar láidreachtaí agus laigí an chontae atá na cuspóirí bunaithe.

### Céim 2: Taighde a dhéanamh chun an staid reatha a thuiscint

Rinneadh anailís ar staitisticí an daonáirimh chun na figiúirí oifigiúla a chur os comhair an phobail i gcomhthéacs an phlean.

Eagraíodh ceardlann i ngach ceantar bardasach sa chontae chun tuairimí agus smaointe a bhailiú.

Bhí deis ag na sainghrúpaí difriúla smaointe a roinnt, i dtaca le tuismitheoirí atá ag tógáil clainne le Gaeilge,cur chun cinn na Gaeilge i ngnóthaí mar shampla.

### Céim 3: Anailís a dhéanamh ar an taighde agus na bearta a dhearadh

Chuir na grúpaí pobail áitiúla an t-aiseolas ó na ceardlanna sna ceantair bhardasacha in eagar agus iompaíodh é ina mbearta don phlean teanga. Chun cabhrú leis sin, chuir coiste pleanála Chill Dara le Gaeilge teimpléad le chéile le leanúnachas maidir le cur i láthair an aiseolais a chinntiú, agus scaipeadh é ar na grúpaí pobail.

Eagraíodh cruinnithe le hionadaithe na gceantar bardasach le cinntiú go mbeadh an tuiscint chéanna ag na daoine a bhí lárnach sa phróiseas timpeall an chontae ar an gcur chuige. Bhí grúpa Whatsapp ag na hionadaithe freisin chun go mbeadh tacaíocht leanúnach ar fáil dóibh.

### Céim 4: An plean teanga a scríobh

Líon gach grúpa pobail an teimpléad céanna isteach. Nuair a bhí eolas faoi gach ceantar bardasach bailithe chuir coiste pleanála CDleG sa phlean é.


### Céim 5: Comhairliúchán poiblí

Cuireadh dréacht an phlean os comhair an phobail ar líne, cuireadh feachtas poiblíochta le chéile agus tugadh deis ag gach duine sa chontae aiseolas a sheoladh chuig an gcoiste. Cuireadh feachtas poiblíochta ar bhun chun daoine a chur ar an eolas faoin bplean. Chabhraigh daoine 'mór le rá' leis an bhfeachtas sin a chur chun cinn. Thug an comhairliúchán poiblí seo deis eile don phobal a dtuairimí ar an bplean teanga a chur in iúl sula gcuireadh i gcrích é.

### Céim 6: An plean teanga a sheoladh ar aghaidh le faomhadh

Tar éis moltaí ón gcomhairliúchán poiblí a chur san áireamh sa leagan deiridh den phlean teanga, cuireadh é faoi bhráid Bhord Chill Dara le Gaeilge lena fhaomhadh. Toisc nach ann d'aon phróiseas náisiúnta do phleananna teanga, níor ghá d'éinne eile an plean a faomhadh go hoifigiúil.

Foinse: [68514d50-0c72-4e18-af06-e574535697bd.pdf (www.gov.ie)](https://www.gov.ie) Lch 15


2022
Bunaíodh an coiste pleanála
Ceardlanna sna cúig cheantar bardasach chun smaointe a bhailiú don phlean teanga
Aibreán/Bealtaine 2023
2023
Nás na Ríogh
Áth Í
Droichead Nua/Cill Dara
Léim an Bhradáin/Cill Droichid
Maigh Nuad
Cruinnithe áitiúla timpeall an chontae ag na grúpaí pobal
Foilsíodh plean teanga do Chontae Chill Dara 2024-2030 Dréacht 2.01
Deireadh Fómhair 2023
Ar fáil ar www.cilldaralegaeilge.ie. Fáilte roimh aiseolas.
Seoladh oifigiúil an phlean teanga do Chontae Chill Dara 2024-2030 leagan 2.2024
Márta 2024
Ceardlanna sna cúig cheantar bardasach leis an plean a chur i láthair agus aiseolas a bhailiú.
Aibreán/Bealtaine 2024
2024
Nás na Ríogh
Áth Í
Droichead Nua/Cill Dara
Léim an Bhradáin/Cill Droichid
Maigh Nuad
Márta 2025-2030
Meitheal Chill Dara:
Athbhreithniú ar an bplean
Coiste pleanála
Plean Teana do Co. Chill Dara 2024-2030
Ar fáil ar www.cilldaralegaeilge.ie
Leagan 2.2025
Leagan 2.2026
Leagan 2.2027
Leagan 2.2028
Leagan 2.2029
Leagan 2.2030
2030
Athbhreithniú néamhspleách déanta agus tuairisc foilsithe ar líne

**Spriocanna ardleibhéil sa phlean teanga seacht mbliana seo**

- **Pleanáil struchtúrtha** – leagan amach aontaithe, struchtúrtha a chur ar fáil do gach páirtí i gContae Chill Dara ar spéis leo tacú leis an nGaeilge agus í a fhorbairt, agus fís shoiléir, spriocanna agus plean gníomhaíochta aleagan amach le haghaidh tréimhse seacht mbliana.

- **Caidreamh gníomhach a chothú le forais stáit / eagraíochtaí deonacha** – caidreamh leanúnach a bhunú / a fhorbairt le forais stáit agus le heagraíochtaí deonacha a fheidhmíonn i gContae Chill Dara agus chun críche na seirbhísí do chainteoirí/foghlaimeoirí Gaeilge a fheabhsú agus infheictheacht agus stádas na Gaeilge a mhéadú.

- **Rannpháirtíocht an phobail** – tabhairt ar oiread daoine/grúpaí agus is féidir a bheith páirteach i saol na Ghaeilge i gContae Chill Dara. Ba chóir go mbeadh cur chuige phróiseas an phlean a scríobh cuimsitheach agus go soláthródh sé deiseanna chun an Ghaeilge a fhoghlaim, a labhairt, a chur chun cinn nó cur le feiceálacht na Gaeilge.

- **Líonrú agus comhoibriú a bhunú idir dreamanna atá ag saothrú na Gaeilge -** tá go leor daoine ann ar fud an chontae a bhíonn ag saothrú na Gaeilge go haonaránach nó mar chuid de ghrúpa. Tá sé mar aidhm ag an bplean seo cuidiú leis na daoine/grúpaí sin gréasánú agus deiseanna a sholáthar chun comhoibriú, eolas a mhalartú agus tacú lena chéile.

- **An Ghaeilge a athbhunú mar theanga phobail -** tuilleadh deiseanna a chruthú ina bhféadfadh an Ghaeilge a bheith mar chuid de ghnáth-imeachtaí pobail. D'fhéadfadh na himeachtaí seo a bheith go hiomlán i nGaeilge nó a bheith dátheangach nó fiú amháin roinnt Gaeilge a bheith mar ghné leo i bhfoirm comharthaíochta/beannachtaí etc.

- **Beirt Oifigeach Forbartha Gaeilge eile ar a laghad a fhostú sa chontae** - Táthar ag súil go bhfostófar ar a laghad beirt oifigeach forbartha Gaeilge eile i gContae Chill Dara le linn thréimhse seacht mbliana an phlean, duine amháin acu ag obair leis an aos óg.

- **Go n-aithneofaí ceantar Nás na Ríogh / na Sollán mar líonra oifigiúil Gaeilge roimh dheireadh thréimhse an phlean** – Tá an ceantar seo ag an meánchéim sa scéim Foras na Gaeilge, Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge, ó 2021. Beidh plean teanga le seoladh sa chéad cúpla bliain eile (dáta le cinntiú) don cheantar Ghaeilge.

- **Cultúrlann** - Creideann Cill Dara le Gaeilge go mbeadh ceantar Nás na Ríogh / na Sollán fíoroiriúnach mar ionad do Chultúrlann Chill Dara.

  Tugann an doiciméad poiblí Project Ireland, *Investing in our Culture, Language and Heritage 2018-2027* léargas ar straitéis an Stáit chun an Ghaeilge agus ionaid chultúrtha i mbailte seirbhíse don Ghaeltacht agus i líonraí Gaeilge a fhorbairt. Tá breis eolais le fáil ar: https://www.chg.gov.ie/app/ uploads/2018/04/capital_plan_april3-8.pdf

  Ba chóir a thabhairt faoi deara go ndéantar pleanáil teanga i gcomhthéacs pleanála áitiúla, sóisialta agus eacnamaíocha. Is é dearcadh an choiste pleanála ná go bhfuil dualgas ar Chomhairle Contae Chill Dara an Ghaeilge a chur san áireamh i gcomhthéacs aon phlean áitiúil.

  Tá sé mar fhís fhadtéarmach ag an bplean seo creatlach a sholáthar do dhaoine ar mian leo a saol a chaitheamh trí Ghaeilge i gContae Chill Dara. Chuireamar béim ar an Ghaeilge sa teaghlach,

oideachas trí mheán na Gaeilge, deiseanna Gaeilge do dhaoine óga taobh amuigh den chóras oideachais, bheith in ann teacht ar raon leathan gnólachtaí a sholáthraíonn seirbhísí i nGaeilge agus go mbeidh fáil sa chontae ar raon níos leithne d'imeachtaí sóisialta, cultúrtha agus spóirt trí mheán na Gaeilge nó go dátheangach.

**Rannpháirtíocht pobail**

Seolfar an Plean Teanga i mí Aibreáin 2024 ag imeacht speisialta in ( dáta agus suíomh le cinntiú).

Fáilteofar roimh bhaill den phobal ar mhaith leo a spéis sa phlean teanga seo a chlárú nó ar mhaith leo aiseolas ina thaobh a thabhairt. Is féidir é seo a dhéanamh i nGaeilge nó i mBéarla ach ríomhphost a chur chuig pleanteanga@cilldaralegaeilge.ie.
Tá todhchaí na Gaeilge ag brath ar dhaoine í a úsáid is a chur chun cinn. Is maith a thuigeann an coiste pleanála nach bhfuil eolas acu ar gach rud a bhfuil ar bun ag daoine aonair agus ag grúpaí sa chontae. Mura bhfeiceann tú do thionscadal nó do ghluaite sa phlean seo glac an deis, le do thoil, dul i dteagmhail le Cill Dara le Gaeilge i dtreo is go mbeidh an deis luaite sa chéad leagan eile den phlean (pleanteanga@cilldaralegaeilge.ie). Seo an dara hiarracht ag an gcoiste tabhairt faoi phlean. Tá a ndícheall déanta acu teagmháil a dhéanamh leis an oiread daoine a fhéadfaidís a shroicheadh.

Ó seoladh an chéad phlean teanga contae, eagraítear teacht le chéile do phobal na Gaeilge sa chontae, Meitheal Chill Dara, mar chuid de Sheachtain na Gaeilge gach bliain. Tugann an Mheitheal deis don phobal eolas a roinnt agus athbhreithniú ar an dul chun cinn a éascu. Cuirtear eolas ina thaobh ar www.cilldaralegaeilge.ie

# Fís do Chontae Chill Dara taobh istigh d'achar ama an phlean seo

- Beidh deiseanna ag pobal Chontae Chill Dara an Ghaeilge a fhoghlaim nó í a athfhoghlaim agus í a úsáid.
- Aithneoidh soláthróirí seirbhísí san údarás áitiúil agus sa tseirbhís phoiblí an ceart atá ag daoine seirbhísí a fháil trí Ghaeilge agus urramóidh siad a gceart trína chinntiú go mbeidh daoine i gCill Dara in ann plé leo i nGaeilge.
- Taobh istigh de sheacht mbliana, beidh comhoibriú níos fearr idir daoine agus grúpaí tríd an gcontae ina iomláine a bhfuil an aidhm choiteann acu an Ghaeilge a chur chun cinn. Aithníonn Cill Dara le Gaeilge agus an coiste pleanála go bhfuil go leor grúpaí agus daoine i gContae Chill Dara a bhfuil Gaeilge éigin acu ag plé leis an nGaeilge agus á cur chun cinn. Tá súil againn, de réir mar a fheidhmítear an plean seacht mbliana seo, go bhforbróimid gréasán níos láidre a chuirfidh ar ár gcumas tacú agus comhoibriú le chéile.

# Príomhaidhmeanna do Chontae Chill Dara

Aithníodh na príomhaidhmeanna seo a leanas agus tá a rian le feiceáil ar threo na straitéise seo:

- Beidh ardú 3% ar líon na gcainteoirí laethúla agus seachtainiúla sa chontae.
- Beidh ceathrar lánaimseartha ar a laghad fostaithe i gContae Chill Dara chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Fostófar na daoine seo le tacaíocht ó eagraíochtaí dála An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Foras na Gaeilge agus/nó Comhairle Contae Chill Dara.
- Faoi dheireadh na seacht mbliana aithneofar ar a laghad ceantar amháin i gContae Chill Dara mar Cheantar Líonra Teanga. Beidh méadú ????% ar na huimhreacha a bheidh ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge.

- Beidh plean forbartha ann do Chultúrlann Chill Dara.
- Fostóidh Comhairle Contae Chill Dara Oifigeach Gaeilge lánaimseartha chun an Ghaeilge a chur chun cinn.

- Cuirfidh Comhairle Contae Chill Dara infhaighteacht a seirbhísí trí Ghaeilge chun cinn.
- Tacóidh an Chomhairle Contae le grúpaí a chuireann seirbhísí agus deiseanna ar fáil trí Ghaeilge ar bhealaí praiticiúla e.g. thrí poiblíocht a dhéanamh agus/nó ionaid agus deontais a chur ar fáil.
- Beidh an Ghaeilge níos sofheicthe i meáin shóisialta agus i gcumarsáid dhigiteach Chomhairle Contae Chill Dara, faoi réir coinníollacha Acht na dTeangacha Oifigiúla (leasú), 2021.
- Rachaidh eagraíochtaí ar fud an chontae, dála CLG agus Comhaltas Ceoltóirí Éireann, i gcomhar le craobhacha eile dá n-eagraíochtaí féin chun ar a laghad imeacht amháin sa bhliain a eagrú trí Ghaeilge.
- Spreagfar eagraíochtaí deonacha áitiúla le himeachtaí trí Ghaeilge dá gcuid ball féin a eagrú.

- Beidh www.cilldaralegaeilge.ie ina phríomhfhoinse eolais le haghaidh imeachtaí Gaeilge sa chontae.
- Féachfar le himeachtaí Gaeilge i gContae Chill Dara a chlárú freisin ar www.cilldaralegaeilge.ie, www.kildare.ie/events, www.intoKildare.ie, Gaelgoer.ie agus ar www.peig.ie.
- Beidh méadú ar a laghad 200% ar na baill atá cláraithe leis an scéim Gnó Chill Dara.
- Beidh deiseanna ag teaghlaigh le Gaeilge teacht le chéile go rialta.
- Beidh deiseanna ag déagóirí / daoine óga teacht le chéile trí Ghaeilge níos minice.




## Bearta agus gníomhartha ar leibhéal an chontae



(Beidh bearta ag gach ceantar bardasach sa doiciméad seo. Níl sa tábla thíos ach na bearta ar leibhéal an chontae.)

| BEART | GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá) | TRÉIMHSE AMA | ÚINÉIR | CATAGÓIR |
|---|---|---|---|---|
| **Stádas** | | | | |
| Ceathrar lánaimseartha ar a laghad a bheith fostaithe i gContae Chill Dara chun an Ghaeilge a chur chun cinn. | Cuirfidh Cill Dara le Gaeilge iarratas isteach chuig an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán chun Oifigeach na nÓg a fhostú. | Bliain 1? | CDleG | |
| | In 2023, chinntigh Comhairle Contae Chill Dara (CCCD) buiséad chun Oifigeach Gaeilge a fhostú, ach ag tús Mhí na Nollag 2023, ní raibh éinne ceaptha go fóill. | Bliain 1 | CCCD | |
| Ceantar amháin ar a laghad i gContae Chill Dara a bheith aitheanta mar Cheantar Líonra Teanga. | Ó bhí 2022 ann, tá ceantar Nás na Ríogh-/-na Sollán cláraithe ag an meánchéim sa Scéim Forbartha Líonra Gaeilge (SFLG) agus tá Maigh Nuad cláraithe ag an mbunchéim. Mar chuid den phróiseas chun stádas líonra a bhaint amach beidh plean teanga le scríobh don cheantar agus le faomhadh ag Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán . | ???? | | |
| | | | | |
| **An Ghaeilge sa Teaghlach** | | | | |
| Feasacht a ardú maidir le Teaghlaigh Chill Dara | Tabharfar faoi fheachtas feasachta leis na naíonraí agus bunscoileanna lán-Ghaeilge faoin mbranda, Teaghlaigh Chill Dara | Bliain 1 + | CDleG | |
| | Cuirfear feachtas ar bun le teaghlaigh óga sa chontae a aimsiú a mbeadh a gcumas Gaeilge acu agus iad sásta an iarracht a dhéanamh an Ghaeilge a úsáid mar theanga teaghlaigh. | Bliain 2 + |  | |
| Leanúint leis an scéim 'Tús Maith' chun cabhrú agus tacú le teaghlaigh atá ag iarraidh tuilleadh Gaeilge a úsáid sa bhaile | Reáchtálfar ranganna do thuismitheoirí a bhfuil beagán Gaeilge acu cheana féin.<br><br>Reáchtálfar ranganna do thuismitheoirí nach bhfuil aon Ghaeilge | Bliain 1 + | CDleG | Deiseanna labhartha |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | acu. | | | |
| | Forbrófar ceardlanna idirghníomhacha do thuismitheoirí. | | CDleG | |
| | Déanfar athbhreithniú ar an scéim 'Tús Maith' agus uasdátú más gá. | Bliain 2 | CDleG | |
| | Scaipfear eolas maidir leis na tacaíochtaí atá ar fáil do thuismitheoirí ar mian leo a gclann a thógáil le Gaeilge. | Bliain 1 + | CDleG | |
| Feasacht a mhúscailt faoi na buntáistí a ghabhann le páistí a thógáil le Gaeilge trí eolas a sholáthar do dhaoine óga ó chéim na meánscoile/ollscoile ar aghaidh | Rachfar i gcomhar le hOllscoil Mhá Nuad chun ceardlann a fhorbairt do mhic léinn na hollscoile faoi na buntáistí a bhaineann le páistí a thógáil trí Ghaeilge. | Bliain 2 | CDleG | |
| | Cinnteofar go bhfuil eolas ábhartha ar fáil ar líne ar www.cilldaralegaeilge.ie | Bliain 1 + | CDleG | |
| Imeachtaí agus gníomhaíochtaí trí Ghaeilge a eagrú do theaghlaigh taobh amuigh de thimpeallacht na scoile | Eagrófar ceithre thuras (ar a laghad) a eagrú gach bliain a bheidh dírithe ar theaghlaigh atá ag tógáil clainne le Gaeilge. | Bliain 1 + | CDleG | |
| | Reáchtálfar grúpa tuismitheoirí agus leanaí go rialta i gcomhpháirt le Teanga Tí, scéim de chuid Ghlór na nGael. | Bliain 1 + | CDleG | |
| | Eagrófar imeachtaí rialta i gcomhpháirt leis na leabharlanna m.sh. oíche scannánaíochta, grúpa spraoi. | Bliain 2 + | CDleG | |
| | | | | |
| **An Ghaeilge sa Phobal** | | | | |
| Plean forbartha a bheith ann do Chultúrlann Chill Dara. | Ullmhófar staidéar féidearthachta, plean gnó agus dearadh na cultúrlainne le cabhair ó sholáthraí seirbhísí proifisiúnta. | Bliain 2 | CDleG | |
| | Oibreoidh CDleG i gcomhar le CCCD chun talamh a chinntiú i gceantar Nás na Ríogh / na Sollán (ceantar an líonra) don chultúrlann. | Bliain 1 | CDleG | |
| | | | | |
| **An Ghaeilge i gCúrsaí Gnó** | | | | |
| Méadú ar a laghad 200% a bheith ar na baill atá cláraithe leis an scéim Gnó Chill Dara. | Foilseofar scéalta faoin méid atá ar siúl ag na gnóthaí sa scéim chun an Ghaeilge a chur chun cinn sna meáin go rialta. | Bliain 1 - 7 | CDleG | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Poibleoidh Cill Dara le Gaeilge gnóthaí áitiúla le Gaeilge don phobal taobh amuigh den chontae m.sh. ag Oireachtas na Gaeilge. | Bliain 1 + | CDleG | |
| Níos mó gnóthaí áitiúla a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid trí eolas agus gréasán tacaíochta a sholáthar | Tabharfar aitheantas go poiblí do ghnóthaí a chuireann an Ghaeilge chun cinn go gníomhach. | Bliain 1 + | CDleG | |
| | Cothófar comhoibriú leanúnach le Cumann Tráchtála Chill Dara. Déanfar cur i láthair do ghnóthaí sa Chomhlachas Tráchtála chun go mbeidh tuiscint acu ar an scéim. | Bliain 1 + | CDleG | |
| | Déanfaidh na grúpaí pobail i ngach ceantar bardasach sa chontae gnóthaí oiriúnacha don scéim. | | | |
| | Reáchtálfar ranganna / ceardlanna Gaeilge do ghnólachtaí le cuidiú leo seirbhís níos fearr a chur ar fáil trí Ghaeilge. | Bliain 2 | CDleG | |
| | Cuirfear lascaine ar fáil do bhaill Ghnó Chill Dara ar chúrsaí Gaelchultúr. | Bliain 1 + | CDleG | |
| | Eagrófar imeachtaí sóisialta do bhaill Ghnó Chill Dara. | Bliain 1 + | CDleG | |
| Custaiméirí a spreagadh chun tacú le gnóthaí a úsáideann an Ghaeilge, go háirithe iadsan atá cláraithe le Gnó Chill Dara agus iad a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid sa ghnóthaí. | Cuirfear le húsáid na meán sóisialta, www.cilldaralegaeilge.ie agus na meáin áitiúla chun feasacht a ardú faoin scéim Gnó Chill Dara. | Bliain 1 + | CDleG | |
| Baill Ghnó Chill Dara a spreagadh chun aitheantas náisiúnta a bhaint amach tríd an scéim, 'Gradaim' de chuid Ghlór na nGael | Tacóidh CDleG leis na gnóthaí sna trí réimse seo: 1. Comharthaíocht, 2. Brandáil agus Margaíocht agus 3. Seirbhís i nGaeilge | Bliain 1 + | CDleG | |
| | | | | |
| **Oideachas trí mheán na Gaeilge** | | | | |
| Foirgneamh buan a bheith ag Gaelcholáiste Mhaigh Nuad (GCMN). | In 2022, ghabh an Roinn Oideachais agus Scileanna orthu féin foirgneamh nua a thógáil do GCMN. Cabhróidh CDleG leis an bhfeachtas chun an foirgneamh nua a fháil. | Bliain 1 + | CDleG | |
| Méadú ????% a bheith ar na huimhreacha a bheidh ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge. | Chomh maith leis an obair atá á déanamh ag na scoileanna iad féin, beidh rannóg earcaíochta do na scoileanna ar shuíomh www.cilldaralegaeilge.ie mar aon le nasc chuig suíomh na scoileanna. | Bliain 1 | CDleG | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Cuirfear ceardlanna faoin ngaelscolaíocht ar fáil. | Bliain 1 + | CDleG | |
| | Beidh eolas faoin oideachas lán-Ghaeilge ar shuíomh www.cilldaralegaeilge.ie. | Bliain 1 | CDleG | |
| | I gcás ina gceapfar Oifigeach na nÓg, tabharfaidh sí/sé tacaíocht don dá Ghaelcholáiste sa chontae i dtaobh chlár ceannaireachta Foróige (*Leadership for Life* – ar fáil as Gaeilge anois). | Bliain 2 |  | |
| | I gcás ina gceapfar Oifigeach na nÓg, eagróidh sí/sé irisleabhar le hábhair spéisiúil don aos óg leis na gaelcholáistí - ceithre eagrán in aghaidh na bliana. | Bliain 2 |  | |
| | | | | |
| **An Ghaeilge i scoileanna Béarla** | I gcás ina gceapfar Oifigeach na nÓg, eagróidh sí/sé scéim le scoileanna chun an Ghaeilge a spreagadh – 'Gaeilgeoir na míosa', mar shampla. | Bliain 1 |  | |
| | | | | |
| **Daoine fásta ag foghlaim na Gaeilge** | Cuirfear ranganna ar fáil ar líne agus aghaidh ar aghaidh agus in áiteanna difriúla timpeall an chontae. | Bliain 1 + | CDleG agus grúpaí áitiúla | |
| | Beidh ciorcail chomhrá agus Pop-Up Gaeltachtaí ar siúl go rialta timpeall an chontae. | Bliain 1 + | CDleG agus grúpaí áitiúla | |
| | Cabhróidh CDleG le poiblíocht a thabhairt do chúrsaí Gaeilge atá ar fáil ag eagraíochtaí éagsúla. | Bliain 1 + | CDleG | |
| **Grúpaí Pobail** | | | | |
| CLG dul i gcomhar le craobhacha eile dá n-eagraíochtaí féin chun ar a laghad imeacht amháin sa bhliain a eagrú trí Ghaeilge. | Tacóidh CDleG leis an obair atá ar siúl ag Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha (scéim de chuid Ghlór na nGael), mar shampla trí phoiblíocht a thabhairt don scéim agus cabhrú leis an mblitzchomórtas bliantúil. | Bliain 1 + | CDleG | |
| Comhaltas Ceoltóirí Éireann dul i gcomhar le craobhacha eile dá n-eagraíochtaí féin chun ar a laghad imeacht amháin sa bhliain a eagrú trí Ghaeilge. | Buailfidh ionadaithe ó CDleG le hiondaithe CCÉ uair amháin sa bhliain ar a laghad, ach níos minice má tá deiseanna ann dóibh. Cabhróidh CDleG le cur chun cinn na Gaeilge ag Fleadh Cheoil Chill Dara gach bliain. | Bliain 1 + | CDleG / CCÉ | |
| Eagraíochtaí deonacha áitiúla a spreagadh le himeachtaí trí Ghaeilge dá gcuid ball féin a eagrú. | Rachaidh CDleG i dteagmháil leis na heagraíochtaí seo uair amháin gach bliain ar a laghad chun tacaíocht a thairiscint imeachtaí i nGaeilge a eagrú. | Bliain 1 + | CDleG | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| An Ghaeilge a bheith níos feiceálaí i roinnt de na grúpaí pobail timpeall an chontae. | Nuair atá sé d'acmhainn acu, eagróidh CDleG scéim chun tacaíocht airgeadais a thairiscint le haghaidh comharthaíocht i nGaeilge m. sh. Scéim Feiceálacht na Gaeilge. | Bliain 1 + | CDleG | |
| | | | | |
| **An Óige sa Phobal** | | | | |
| Níos mó clubanna óige a bhunú timpeall an chontae | I gcás ina gceapfar Oifigeach na nÓg, bunófar clubanna óige in dhá cheantar nua ar a laghad gach bliain don chéad chúpla bliain. | Bliain 2 |  | |
| | I gcás ina gceapfar Oifigeach na nÓg, eagróidh sí/sé clár raidió / podchraoladh i gcomhpháirt le KFM. | Bliain 2 / 3 + |  | |
| | I gcás ina gceapfar Oifigeach na nÓg, eagróidh sí/sé ceardlanna do dhéagóirí chun scileanna nua a fhorbairt mar shampla grianghrafadóireacht nó scannánaíocht. | Bliain 2 |  | |
| | I gcás ina gceapfar Oifigeach na nÓg, cuirfear fóram oscailte do dhaoine óga ar bun sa chontae agus eagrófar teacht le chéile ar a laghad uair sa bhliain chun cúrsaí a bhaineann leo a phlé. | Bliain 3 + |  | |
| | | | | |
| **Seirbhísí Poiblí** | | | | |
| Cur chun cinn na Gaeilge ag Comhairle Contae Chill Dara | Fostóidh Comhairle Contae Chill Dara Oifigeach Gaeilge lánaimseartha chun an Ghaeilge a chur chun cinn. | Bliain 1 | CCCD | |
| | Ach an maoiniú a bheith ar fáil, tacóidh Comhairle Contae Chill Dara le forbairt úsáid na Gaeilge trí chúig scoláireacht a chur ar fáil do scoláirí meánscoile chun freastal ar chúrsaí samhraidh sa Ghaeltacht. | Bliain 1 + | CCCD | |
| | Faoi réir maoinithe, seolfaidh Comhairle Contae Chill Dara a scéim nua, Fáinne, chun úsáid na Gaeilge labhartha a spreagadh i measc dhaltaí bunscoile i ngach bunscoil i gContae Chill Dara. | Bliain 1 + | CCCD | |
| | Faoi réir maoinithe, cuirfear ranganna Gaeilge ar fáil d'fhoireann Chomhairle Contae Chill Dara gach bliain. | Bliain 1 + | CCCD | |
| | Cuirfidh Comhairle Contae Chill Dara infhaighteacht a seirbhísí trí Ghaeilge chun cinn. | Bliain 1 + | CCCD | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Tacóidh an Comhairle Contae le grúpaí a chuireann seirbhísí agus deiseanna ar fáil trí Ghaeilge ar bhealaí praiticiúla e.g. trí phoiblíocht, ionaid, deontais a chur ar fáil. | Bliain 1 + | CCCD | |
| | Beidh an Ghaeilge níos sofheicthe sna meáin shóisialta agus i gcumarsáid dhigiteach Chomhairle Contae Chill Dara, faoi réir c-oinníollacha Acht na dTeangacha Oifigiúla (leasú), 2021. | Bliain 1 + | CCCD | |
| | Oibreoidh CCCD le CDleG chun talamh a chinntiú i gceantar Nás na Ríogh / na Sollán (ceantar an líonra) don chultúrlann. | Bliain 1 | CCCD / CDleG | |
| | | | | |
| **Líonrú le pobail Ghaeilge eile** | | | | |
| | Eagrófar cruinniú 2 / 3 uair sa bhliain le hionadaithe grúpaí Gaeilge timpeall an chontae chun smaointe / eolas a roinnt. | Cill Dara le Gaeilge | Bliain 1 + | |
| | | | | |
| **Poiblíocht agus Feasacht** | | | | |
| www.cilldaralegaeilge.ie a bheith ina phríomhfhoinse eolais le haghaidh imeachtaí Gaeilge sa chontae. | Forbrófar suíomh www.cilldaralegaeilge.ie chun féilire comónta a chur air agus rochtain ag na príomhghrúpaí Gaeilge air. | Bliain 1 + | | |

# Critéir ratha do Chontae Chill Dara

Ag deireadh na seacht mbliana:

- Beidh ceathrar ar a laghad fostaithe go lánaimseartha i gContae Chill Dara ag cur na Gaeilge chun cinn.
- Beidh ceantar amháin ar a laghad i gContae Chill Dara aitheanta mar Líonra Gaeilge.
- Beidh clár rialta d’imeachtaí Gaeilge agus dátheangacha ar siúl i leabharlanna Chontae Chill Dara.
- Beidh 75% de na príomhaidhmeanna do Chontae Chill Dara sa rannóg thuas bainte amach.
- Beidh Oifigeach Gaeilge lánaimseartha ag Comhairle Contae Chill Dara

# Roinn 3.1
# Ceantar Bardasach
# Áth Í


## Section 3.1
## Athy
## Municipal District



## EOLAS Ó NA CEANTAIR BHARDASACHA LE hAGHAIDH PHLEAN TEANGA CHONTAE CHILL DARA, 2024-2030

1. Fís do cheantar bardasach Átha Í taobh istigh d'achar ama an phlean seo (2024-2030).

Is grúpa nua-bhunaithe é 'Gaeilge Chois Bhearú' agus mar sin baineann an fhís atá againn do cheantar bardasach Átha Í le forbairt an ghrúpa. Laistigh d'achar ama an phlean seo (2024-2030) ba mhaith linn go mbeadh grúpa láidir Gaeilge ag forbairt in mBaile Átha Í, le hoifigigh oifigiúla tofa gach bliain ionas go mbeidh sé indéanta imeachtaí Gaeilge agus ranganna Gaeilge a eagrú go héasca. Beifear in ann tógáil ar an obair sin agus grúpa láidir le hoifigigh curtha le chéile, le riachtanais na teanga in Áth Í a mheas agus a fheabhsú i gcónaí.




2. Comhthéacs do cheantar bardasach Áth Í.

A) Eolas ón daonáireamh le dul isteach anseo

B)

- Ciorcal comhrá gach maidin Céadaoin @ 10:30 – 12:00 i Leabharlann Átha Í
- Gaelscoil Átha Í
- Imeachtaí éagsúla a eagraíonn Gaeilge Chois Bhearú ó am go ham, ar nós na siúlóide chuig Toberara a eagraíodh i mí an Mheithimh.

Príomhaidhmeanna do cheantar bardasach Áth Í do na seacht mbliana amach romhainn.

- Go mbeidh an Ghaeilge níos feiceálaí i siopaí agus áiteanna poiblí an bhaile
- Go mbeidh níos mó deiseanna ann an Ghaeilge a úsáid sa cheantar lasmuigh den chóras oideachais
- Go mbeidh líonra agus eolas ann do thuismitheoirí atá nó atá ag iarraidh a bpáistí a thógáil le Gaeilge

3. Bunchlocha do cheantar bardasach Áth Í.

Tá na príomhphrionsabail seo a leanas aitheanta againn mar nithe tábhachtacha chun ár bpríomhaidhmeanna a bhaint amach:

- Daoine a bhfuil spéis acu sa teanga a aithint agus tacú leo
  - i bhfoghlaim na Gaeilge
  - i gcur chinn na Gaeilge sa bhaile/san obair
- Nasc a dhéanamh le Gaelscoil Átha Í, le CLG an cheantair agus le scoileanna agus grúpaí eile áitiúla chun pobal níos leithne a aimsiú a bhfuil spéis acu sa teanga
- Infheictheacht na Gaeilge a fheabhsú ar chomharthaíocht agus ar na meáin áitiúla
- Nasc níos láidre chothú le Cill Dara le Gaeilge agus le grúpaí Gaeilge eile sa chontae
- Éifeacht an phlean seo a mheas ar bhonn leanúnach

4. Na 11 réimse gníomhaíochta:

- An Ghaeilge sa Teaghlach
    - Ranganna a chur ar fáil do thuismitheoirí
    - Tacaíocht a thabhairt do dhaoine atá ag iarraidh a bpáistí a thógáil/atá ag tógáil a bpáistí le Gaeilge
    - Imeachtaí dátheangacha a eagrú do theaghlaigh lasmuigh den scoil

- An Ghaeilge sa Phobal
    - Tacaíocht a thabhairt do dhaoine sa cheantar a bhfuil spéis acu sa Ghaeilge
    - An Ghaeilge a chur chun cinn ag féilte agus imeachtaí áitiúla

- An Ghaeilge i gCúrsaí Gnó
    - Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do ghnólachtaí fógraí/ábhair Ghaeilge a bheith acu ina gnólachtaí

- Oideachas trí mheán na Gaeilge
    - Nasc a chothú leis an nGaelscoil agus tacú leo

- An Ghaeilge i scoileanna Béarla
    - Buntáistí na Gaeilge a léiriú do mhic léinn meánscoile (níl Gaelcholáiste i mBaile Átha Í)
    - Eolas faoi imeachtaí áitiúla Gaeilge a chur ar fáil do scoileanna Béarla

- Daoine fásta ag foghlaim na Gaeilge
    - Ranganna Gaeilge a eagrú do dhaoine fásta
    - Eolas faoi Ghaeilge Chois Bhearú agus an ciorcal cainte a scaipeadh

- Grúpaí Pobail
    - Oibreoidh Gaeilge Chois Bhearú le grúpaí pobail ar mian leo an teanga a chur chun cinn

- An Óige sa Phobal

    - Leas a bhaint as an nasc idir Leabharlann Átha Í agus páistí bunscoile/meánscoile sa cheantar agus an Ghaeilge a chur chun cinn ina measc agus iad ansin
    - Ard a tharraingt ar an teanga i gCLG Átha Í
    - Nasc a dhéanamh le grúpaí óige sa cheantar

- Seirbhísí Poiblí
    - Daoine a spreagadh chun úsáid a bhaint as seirbhísí poiblí trí Ghaeilge

- Líonrú le Grúpaí Pobail Gaeilge
    - Eagrófar cuairt ar cheantar Gaeltachta
    - Eagrófar imeachtaí le grúpaí Gaeilge eile sa chontae nuair is féidir

- Poiblíocht agus Feasacht
    - Déanfar poiblíocht ar imeachtaí, ranganna agus nuacht eile a bhaineann leis an teanga ar leathanaigh áitiúla ar na meáin shóisialta agus le comharthaíocht timpeall an bhaile chomh maith

**Bearta agus gníomhartha don 11 réimse**

6.1 AN GHAEILGE SA TEAGHLACH

| BEART | GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá) | TRÉIMHSE AMA[1] | ÚINÉIR | CATAGÓIR |
|---|---|---|---|---|
| Ranganna a chur ar fáil do thuismitheoirí | • Ranganna do thuismitheoirí a bhfuil beagán Gaeilge acu cheana féin<br>• Ranganna do thuismitheoirí nach bhfuil aon Ghaeilge acu | 2-3 bliana | Gaeilge Chois Bhearú/Gaelscoil Átha Í | Deiseanna foghlama |
| Tacaíocht a thabhairt do dhaoine atá ag iarraidh a bpáistí a thógáil/atá ag tógáil a bpáistí le Gaeilge | • Tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi grúpaí tacaíochta ar líne/i bpearsa do chlanna a thógáil le Gaeilge<br>• Grúpa tacaíochta do thuismitheoirí a bhunú a bhfuil a bpáistí ag freastal ar Ghaelscoil Átha Í | 1-2 bhliain | Gaeilge Chois Bhearú | Deiseanna labhartha |
| Imeachtaí dátheangacha a eagrú do theaghlaigh lasmuigh den scoil | • Eagróidh Gaeilge Chois Bhearú imeachtaí mar seo agus scaipfear eolas orthu ar na meáin shóisialta agus tríd na scoileanna | 1-2 bhliain | Gaeilge Chois Bhearú | Deiseanna labhartha/Deiseanna foghlama/Feiceálacht |

6.2 AN GHAEILGE SA PHOBAL

| BEART | GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá) | TRÉIMHSE AMA | ÚINÉIR | CATAGÓIR |
|---|---|---|---|---|
| Tacaíocht a thabhairt do dhaoine sa cheantar a bhfuil spéis acu sa Ghaeilge tús a chur le hí a úsáid | • Níos mó daoine a chur ar an eolas faoi Ghaeilge Chois Bhearú<br>• Nuacht faoi imeachtaí agus obair Ghaeilge Chois Bhearú a scaipeadh | 1-2 bhliain | Gaeilge Chos Bhearú | Feiceálacht |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | • Eolas ar ranganna Gaeilge sa cheantar a chur ar fáil ar líne agus timpeall an bhaile (m. sh. póstaeir a chur sa leabharlann, i siopaí agus chuig eagraíochtaí áitiúla) | | | |
| An Ghaeilge a chur chun cinn ag féilte agus imeachtaí áitiúla | • Eagrófar grúpaí Gaeilge le freastal ar na himeachtaí seo<br>• I ngach cás, labhróidh Gaeilge Chois Bhearú le heagraitheoirí an imeachta chun deiseanna i dtaobh na Gaeilge a phlé | 1-5 bliana | Gaeilge Chois Bhearú | Feiceálacht/Deiseanna Labhartha |

6.3 AN GHAEILGE I gCURSAÍ GNÓ

| BEART | GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá) | TRÉIMHSE AMA | ÚINÉIR | CATAGÓIR |
|---|---|---|---|---|
| Spreagadh a thabhairt do ghnólachtaí fógraí/ábhair Ghaeilge a bheith acu ina gnólachtaí | • Gnólachtaí áitiúla a chur ar an eolas faoi scéimeanna gnó le Gaeilge, m.sh. Scéim Gnó Chill Dara le Gaeilge | 1-2 bhliain | Gaeilge Chois Bhearú/CDleG | Feiceálacht/Deiseanna Labhartha |

6.4 OIDEACHAS TRÍ MHEÁN NA GAEILGE

| BEART | GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá) | TRÉIMHSE AMA | ÚINÉIR | CATAGÓIR |
|---|---|---|---|---|
| Nasc a chothú leis an nGaelscoil agus tacú leo | • An Ghaelscoil a chur ar an eolas faoi imeachtaí Ghaeilge Chois Bhearú<br>• Iarrfar ar an nGaelscoil nuacht a scaipeadh chuig Gaeilge Chois Bhearú maidir le himeachtaí oiriúnacha a bheas á eagrú acu | 0-1 bhliain amháin | Gaeilge Chois Bhearú/Gaelscoil Átha Í | Feiceálacht/Deiseanna Labhartha |

6.5 AN GHAEILGE I SCOILEANNA BÉARLA

| BEART | GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá) | TRÉIMHSE AMA | ÚINÉIR | CATAGÓIR |
|---|---|---|---|---|
| Buntáistí na Gaeilge a léiriú do mhic léinn meánscoile (níl Gaelcholáiste i mBaile Átha Í) | • Ceardlann(a) a eagrú leis na meánscoileanna ar fad sa cheantar chun gairmeacha agus deiseanna le Gaeilge a phlé | 3-5 bliana | Gaeilge Chois Bhearú | Deiseanna foghlama/Feiceálacht |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Eolas faoi imeachtaí áitiúla Gaeilge a chur ar fáil do scoileanna Béarla | • Nuachtlitir maidir le Gaeilge Chois Bhearú a chruthú agus a sheoladh chuig gach scoil sa cheantar ó am go chéile | 1-2 bhliain | Gaeilge Chois Bhearú | Feiceálacht |

6.6 DAOINE FÁSTA AG FOGHLAIM NA GAEILGE

| **BEART** | **GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá)** | **TRÉIMHSE AMA** | **ÚINÉIR** | **CATAGÓIR** |
|---|---|---|---|---|
| Ranganna Gaeilge a eagrú do dhaoine fásta | • Ranganna do dhaoine fásta a bhfuil beagán Gaeilge acu cheana féin<br>• Ranganna do dhaoine fásta nach bhfuil aon Ghaeilge acu | 2-3 bliana | Gaeilge Chois Bhearú | Deiseanna foghlama |
| Eolas faoi Ghaeilge Chois Bhearú agus an ciorcal cainte a scaipeadh | • Cuirfear eolas maidir le himeachtaí Ghaeilge Chois Bhearú agus maidir leis an gciorcal cainte ar leathanaigh áitiúla ar na meáin shóisialta go minic, agus crochfar póstaeir sa bhaile chomh maith | 0-1 bhliain amháin | Gaeilge Chois Bhearú | Feiceálacht |

6.7 GRUPAÍ POBAIL

| **BEART** | **GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá)** | **TRÉIMHSE AMA** | **ÚINÉIR** | **CATAGÓIR** |
|---|---|---|---|---|
| Oibreoidh Gaeilge Chois Bhearú le grúpaí pobail ar mian leo an teanga a chur chun cinn | • Mar shampla, CLG Átha Í, grúpaí óige, Seid na bhFear, Seid na mBan, agus eile.<br>• Eagrófar cruinnithe leo ar a laghad uair sa bhliain le deiseanna Gaeilge a phlé, nó le himeachtaí speisialta Gaeilge a chur ar siúl | 1-3 bliana | Gaeilge Chois Bhearú | Feiceálacht/Deiseanna Labhartha/Deiseanna Foghlama |

6.8 AN ÓIGE SA PHOBAL

| **BEART** | **GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá)** | **TRÉIMHSE AMA** | **ÚINÉIR** | **CATAGÓIR** |
|---|---|---|---|---|
| Leas a bhaint as an nasc idir Leabharlann Átha Í agus páistí bunscoile/meánscoile sa cheantar | • Páistí bunscoile – seisiún léitheoireachta nó imeacht trí Ghaeilge a eagrú dóibh uair sa mhí/gach ráithe ag brath ar cé chomh minic a mbíonn siad sa leabharlann | 2-5 bliana | Leabharlann Átha Í/Gaeilge Chois Bhearú | Deiseanna foghlama/ feiceálacht |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| agus an Ghaeilge a chur chun cinn ina measc agus iad ansin | • Páistí meánscoile – seisiún Gaeilge a eagrú bunaithe ar chumais éagsúla lena scileanna labhartha, léitheoireachta & scríbhneoireachta a fheabhsú | | | |
| Ard a tharraingt ar an teanga i gCLG Átha Í | • Eagrófar cruinnithe rialta le CLG Átha Í chun deiseanna Gaeilge a phlé agus imeachtaí speisialta a eagrú, mar shampla traenáil trí Ghaeilge | 1-5 bliana | Gaeilge Chois Bhearú | Feiceálacht/Deiseanna labhartha |
| Nasc a dhéanamh le grúpaí óige sa cheantar | • Rachaidh Gaeilge Chois Bhearú i dteagmháil le grúpaí óige sa cheantar chun deiseanna Gaeilge a phlé leo | 1-5 bliana | Gaeilge Chois Bhearú | Feiceálacht/Deiseanna labhartha |

6.9 SEIRBHÍSÍ POIBLÍ

| **BEART** | **GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá)** | **TRÉIMHSE AMA** | **ÚINÉIR** | **CATAGÓIR** |
|---|---|---|---|---|
| Daoine a spreagadh chun úsáid a bhaint as seirbhísí poiblí trí Ghaeilge | • Beidh Gaeilge Chois Bhearú ar fáil chun tacú le haon duine ar mhaith leo leas a bhaint as seirbhísí poiblí trí Ghaeilge<br>• Coimeádfaidh Gaeilge Chois Bhearú eolas maidir le cearta teanga ionas go mbeifear in ann an t-eolas sin a thabhairt do dhaoine go héasca | 1-2 bhliain | Gaeilge Chois Bhearú | Deiseanna labhartha/Feiceálacht |

6.10 LÍONRÚ LE GRÚPAÍ POBAIL GAEILGE

| **BEART** | **GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá)** | **TRÉIMHSE AMA** | **ÚINÉIR** | **CATAGÓIR** |
|---|---|---|---|---|
| Eagrófar cuairt ar cheantar Gaeltachta | • Eagróidh Gaeilge Chois Bhearú cuairt bhliantiúil amháin ar a laghad ar cheantar Gaeltachta<br>• Scaipfear eolas ar an turas fud fad an bhaile | 1-2 bhliain | Gaeilge Chois Bhearú | Deiseanna labhartha |
| Eagrófar imeachtaí le grúpaí Gaeilge eile sa chontae nuair is féidir | • Rachaidh Gaeilge Chois Bhearú i dteagmháil le grúpaí Gaeilge eile i gContae Chill Dara agus eagrófar imeachtaí leo uair sa bhliain ar a laghad | 1-2 bhliain | Gaeilge Chois Bhearú | Deiseanna labhartha |

6.11 POIBLÍOCHT AGUS FEASACHT

| BEART | GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá) | TRÉIMHSE AMA | ÚINÉIR | CATAGÓIR |
|---|---|---|---|---|
| Déanfar poiblíocht ar imeachtaí, ranganna agus nuacht eile a bhaineann leis an teanga ar leathanaigh áitiúla ar na meáin shóisialta agus le comharthaíocht timpeall an bhaile chomh maith | • Cruthóidh Gaeilge Chois Bhearú seoladh rphoist agus leathanaigh ar na meáin shóisialta (Facebook, Instagram & Twitter) chun nuacht a scaipeadh<br>• Déanfar uasdátú ar na leathanaigh go rialta<br>• Cruthófar nuachtlitir speisialta agus seolfar sin amach uair sa bhliain ar a laghad | 1-2 bhliain | Gaeilge Chois Bhearú | Feiceálacht |

7. Cur i bhfeidhm an Phlean Teanga do cheantar bardasach Áth Í

Céard iad na critéir ratha do cheantar bardasach Áth Í?

Is é an grúpa Gaeilge Chois Bhearú atá ag comhordú an phlean teanga seo.
Áireofar rath a bheith ar an bplean:

- Trí choiste buan a chur le chéile do Ghaeilge Chois Bhearú agus oifigigh a thoghadh
- Is grúpa úrnua é Gaeilge Chois Bhearú, agus mar sin rinneamar iarracht spriocanna a leagadh síos a bheadh uaillmhianach ach réalaíoch chomh maith. Is é an príomhsprioc atá againn ná go mbeidh grúpa buan ag feidhmiú don Ghaeilge in Áth Í agus go mbeidh an teanga níos feiceálaí sa bhaile dá thairbhe sin. Má éiríonn linn 50% de na spriocanna sa phlean a bhaint amach, áireomid go raibh rath air.

# Roinn 3.2
# Ceantar Bardasach
# Chill Dara/An Droichead Nua

## Section 3.2
## Kildare/Newbridge
## Municipal District



5. Fís do cheantar bardasach Chill Dara / An Droichead Nua taobh istigh d'achar ama an phlean seo (2024-2030).

Cuirfear an Ghaeilge chun cinn sa cheantar bardasach trí níos mó deiseanna labhartha na Gaeilge a chruthú, tríd an caighdeán comharthaíochta trí Ghaeilge a fheabhsú agus tríd úsáid na Gaeilge a mhéadú i measc gnólachtaí agus eagraíochtaí pobal. Leanfar leis na himeachtaí Gaeilge i mBaile Chill Dara, An Droichead Nua agus Cill Chuilinn agus tosófar ar imeachtaí rialta sa cheantair uirbeacha eile mar Mhainistir Eimhín agus Rath Iomgháin.

6. Comhthéacs do cheantar bardasach Chill Dara / An Droichead Nua.

**Deiseanna ar fáil cheana féin**

Caife an Luain – Baile Chill Dara, seachtainiúil

Lón na Céadaoine – An Droichead Nua, seachtainiúil

Pop-up Gaeltacht na míosa – An Droichead Nua, míosúil

Bricfeasta an tSathairn – Cill Chuilinn – míosúil

Cluichí cártaí i nGaeilge – míosúil

Pop-up Gaeltacht na Brídeoige, bliantúil

7. Príomhaidhmeanna do cheantar bardasach Chill Dara / An Droichead Nua do na seacht mbliana amach romhainn.

| |
|---|
| Deiseanna rialta labhairt na teanga a chur ar fail sna cúig bailte móra, An Droichead Nua, Baile Chill Dara, Cill Chuilinn, Mainistir Eimhín agus Rath Iomgháin.<br>Caighdeáin comharthaíochta i nGaeilge a fheabhsú trí fhaireacháin agus moltaí a dhéanamh do na húdaráis.<br>Ceolchoirm agus seisiúin a úsáid mar uirlisí chun na Gaeilge a chur chun cinn |

8. Bunchlocha do cheantar bardasach Chill Dara / An Droichead Nua.

| |
|---|
| Go mbeadh an Ghaeilge le feiceáil agus le chloisteáil sa phobal thart timpeall ar an gceantar.<br>Deiseanna labhartha na Gaeilge a chruthú agus a mhéadú sa cheantar.<br>Ionad buan a bhunú do Ghlór an Churraigh sa cheantar.<br>Naisc a chruthú le hinstitiúidí agus le heagraíochtaí atá ag plé le Gaeilge sa cheantar.<br>Tacú a thabhairt do daoine sa phobal atá ag iarraidh níos mó Gaeilge a labhairt agus a fhoghlaim. |

Na 11 réimse gníomhaíochta:

- **An Ghaeilge sa Teaghlach**
    - Ceachtanna beo a chur ar fáil do thuismitheoirí.
    - Naisc a chruthú idir teaghlaigh atá ag iarraidh a bpáistí a thógáil le Gaeilge.
    - An Ghaeilge a chur chun cinn i gcumainn spóirt agus eagraíochtaí eile ina glacann déagóirí páirt.
    - Grúpa tuismitheoirí agus leanaí a chruthú.

- **An Ghaeilge sa Phobal**. An bun sprioc ná go mbeadh an Ghaeilge le feiceáil agus le cloisteáil go rialta sa phobal.
    - Imeachtaí rialta i nGaeilge a chruthú agus a chothú. (Ciorcail comhrá, Pop-Up Gaeltacht etc.)
    - Naisc a chruthú idir imeachtaí mar seisiúin ceoil agus siúlóidí staire.
    - Cluichí cártaí i nGaeilge a eagrú.
    - Tacú le seirbhísí reiligiúnacha i nGaeilge.
    - Drámaí a chruthú agus a chur i láthair i nGaeilge.
    - Clubanna leabhar trí Ghaeilge a eagrú.
    - Turasanna a eagrú go ceantair Gaeltachta agus go grúpaí phobail eile gníomhach sa Ghaeilge.
    - Gaeilge ar raidió áitiúil.

- **An Ghaeilge i gCúrsaí Gnó.** Go mbeadh níos mó Gaeilge le feiceáil agus le chloisteáil i gnólachtaí an cheantair.
    - Eolas a scaipeadh faoi Ghaeilge agus gnó.
    - Scéim cabhartha do ghnólachtaí seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil m.s. lipéid, comharthaí,
    - Cuir comhairle ar fáil do ghnólachtaí maidir l'aistriúchán agus litriú.

- **Oideachas trí mheán na Gaeilge**
    - Cúntóirí teanga sna scoileanna, chun cabhair le léamh agus caint na Gaeilge.

- **An Ghaeilge i scoileanna Béarla**
    - Ábhair eile a mhúineadh trí Ghaeilge sna bunscoileanna.
    - Laghdú ama a chealú.

- **Daoine fásta ag foghlaim na Gaeilge**
    - Eolas a scaipeadh faoi ranganna atá ar fáil beo agus ar líne.

- Club leabhar nó club scannán a eagrú sa leabharlann nó siopa leabhar.
- Méadú ar úsáid na Gaeilge eadrainn féin.
- Fás an líon daoine i nGlór an Churraigh ionas go mbeadh meascán caighdeán sa ghrúpa.
- Deiseanna a thabhairt do dhaoine le Gaeilge mheirgeach chun a gcuid muiníne a n-ardú.
- Anailís a dhéanamh ar buntáistí/ míbhuntáistí, ranganna beo / fíorúil.

- **Grúpaí Pobail**
  - Méadú ar líon na n-oifigeach Gaeilge.
  - Imeachtaí trí Ghaeilge ceangailte leis na himeachtaí móra sa phobail m.s. Derby, Lá Fhéile Bríde, June Fest.
  - Ag iarraidh dhá theangachas i gcomharthaíocht poiblí.

- **An Óige sa Phobal**
  - Bunaigh Club Óige do ghaeilgeoirí óga.
  - Suaitheantas a bhronnadh ar dhaoine óga.
  - Gaeilge i gcumainn spóirt
  - Imeachtaí a eagrú trí Gaeilge don óige,

- **Seirbhísí Poiblí**
  - Faireachán a dhéanamh ar chomlíonadh Achta na Teangacha Oifigiúla sa cheantar.
  - Seirbhís trí Ghaeilge á lorg ó Sheirbhísí Poiblí.

- **Líonrú le Grúpaí Pobail Gaeilge**
  - Comh-imeachtaí a eagrú.
  - Cuirtí do grúpaí eile a bheith rannpháirteach in imeachtaí

- **Poiblíocht agus Feasacht**
  - Úsáid a bhaint as na meáin shóisialta agus na meáin traidisiúnta áitiúla.
  - Poiblíocht trí gnólachtaí agus eagraíochtaí áitiúla

6 **Bearta agus gníomhartha don 11 réimse**

6.1 AN GHAEILGE SA TEAGHLACH

| BEART | GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá) | TRÉIMHSE AMA[2] | ÚINÉIR | CATAGÓIR |
|---|---|---|---|---|
| Ranganna a chur ar fáil do thuismitheoirí | • Ranganna do thuismitheoirí a bhfuil beagán Gaeilge acu cheana féin<br>• Ranganna do thuismitheoirí nach bhfuil aon Ghaeilge acu | 1-2 bhliain | Glór an Churraigh | Deiseanna labhartha |
| Naisc idir teaghlaigh | • Naisc a chruthú idir teaghlaigh atá ag iarraidh a bpáistí a thógáil le Gaeilge. | Bliain 2-Bliain 3 | Glór an Churraigh | Deiseanna labhartha. |
| Deiseanna cainte do déagóirí | • An Ghaeilge a chur chun cinn i gcumainn spóirt agus eagraíochtaí eile ina glacann déagóirí páirt. | Bliain 2- Bliain5 | Na cumainn spóirt sa cheantar | Deiseanna labhartha |
| Grúpaí tuismitheoirí agus leanaí a chruthú. | • Grúpaí tuismitheoirí agus leanaí a chruthú i mbailte an cheantair. | Bliain 1- Bliain 7 | Glór an Churraigh agus grúpaí thuismitheoirí. | Deiseanna labhartha. |

6.2 AN GHAEILGE SA PHOBAL

| BEART | GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá) | TRÉIMHSE AMA | ÚINÉIR | CATAGÓIR |
|---|---|---|---|---|
| Imeachtaí I nGaeilge. | Imeachtaí rialta i nGaeilge a chruthú agus a chothú. (Ciorcail comhrá, Pop-Up Gaeltacht etc.) | Bliain 1 | Glór an Churraigh | Deiseanna labhartha |
| Naisc le himeachtaí eile. | Naisc a chruthú idir imeachtaí mar seisiúin ceoil agus siúlóidí staire. | Bliain 1- Bliain 3 | Glór an Churraigh | Deiseanna labhartha |
| Cluichí cártaí | Cluichí cártaí i nGaeilge a eagrú i dTithe Ósta éagsúla | Bliain 1- Bliain 3 | Glór an Churraigh | Deiseanna labhartha |
| Seirbhísí reiligiúnacha | Tacú le seirbhísí reiligiúnacha i nGaeilge. | Bliain 1- Bliain 7 | Glór an Churraigh, Na | Deiseanna labhartha |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | húdaráis reiligiúnacha | |
| Drámaíocht | Drámaí  a chruthú agus a chur i láthair i nGaeilge. | Bliain 1- Bliain 5 | Glór an Churraigh, Eagraíochtaí drámaíochta | Deiseanna labhartha, Feiceálacht |
| Clubanna leabhar | Clubanna leabhar trí Ghaeilge a eagrú i mbailte an cheantair. | Bliain 1- Bliain 5 | Glór an Churraigh, Leabharlanna | Deiseanna labhartha agus foghlamtha |
| Naisc le Gaeltachtaí | Turasanna a eagrú go ceantair Gaeltachta agus go grúpaí phobail eile gníomhach sa Ghaeilge. | Bliain 1- Bliain 7 | Glór an Churraigh | Deiseanna labhartha agus foghlamtha |
| Gaeilge ar Raidio Áitiúil | Brú a chur ar raidió áitiúil níos mó ábhar as Gaeilge a chraoladh. | Bliain 4- Bliain 7 | Glór an Churraigh, Na heagraíochtaí Gaeilge sa chontae. | Deiseanna labhartha, Feiceálacht |

6.3 AN GHAEILGE I gCURSAÍ GNÓ

| BEART | GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá) | TRÉIMHSE AMA | ÚINÉIR | CATAGÓIR |
|---|---|---|---|---|
| Eolas do na gnólachtaí | Eolas a scaipeadh faoi Ghaeilge agus Gnó Chill Dara. | Bliain 1- Bliain 7 | Glór an Churraigh | Feiceálacht |
| Scéim cabhartha do | Cabhrú le gnólachtaí seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil m.s. lipéid, comharthaí,  ceachtanna Gaeilge do na foirne | Bliain 3- Bliain 7 | Glór an Churraigh | Feiceálacht |
| Comhairle do ghnólachtaí. | Cuir comhairle ar fáil do ghnólachtaí maidir l'aistriúchán agus litriú agus chun cabhrú leo clárú mar ghnólacht le Gaeilge. | Bliain 1- Bliain 7 | Glór an Churraigh | Deiseanna foghlamtha, feileálacht |

6.4 OIDEACHAS TRÍ MHEÁN NA GAEILGE

| BEART | GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá) | TRÉIMHSE AMA | ÚINÉIR | CATAGÓIR |
|---|---|---|---|---|
| Cúntóirí teanga sna scoileanna | Feachtas a eagrú chun cúntóirí teanga a earcú sna scoileanna, chun cabhair le léamh agus caint na Gaeilge leis an aidhm go mbeidh an Ghaeilge á labhairt mar ghnáth teanga na scoile. | Bliain 2- Bliain 7 | Glór an Churraigh | Deiseanna foghlamtha |

6.5 AN GHAEILGE I SCOILEANNA BÉARLA

| BEART | GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá) | TRÉIMHSE AMA | ÚINÉIR | CATAGÓIR |
|---|---|---|---|---|
| Laghdú ama a chealú | Feachtas a eagrú ag iarraidh go dtarraingítear siar ón gcinneadh leath uair a bhaint ón am Gaeilge. | Bliain 1- Bliain 2 | Glór an Churraigh, Grúpaí pobail | Deiseanna foghlamtha |

6.6 DAOINE FÁSTA AG FOGHLAIM NA GAEILGE

| BEART | GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá) | TRÉIMHSE AMA | ÚINÉIR | CATAGÓIR |
|---|---|---|---|---|
| Poiblíocht faoi ranganna | Eolas a scaipeadh faoi ranganna atá ar fáil beo agus ar líne. | Bliain 1- Bliain 7 | Glór an Churraigh | Deiseanna foghlamtha |
| Club leabhar agus scannán | Club leabhar agus club scannán a eagrú sa leabharlann nó siopa leabhar. | Bliain 1- Bliain 2 | Glór an Churraigh An leabharlann | Deiseanna labhartha. |
| An líon daoine ag labhairt Gaeilge a mhéadú | Fás an líon daoine i nGlór an Churraigh faoi 100%. | Bliain 1- Bliain 7 | Glór an Churraigh | Deiseanna labhartha. |
| Deiseanna do daoine le Gaeilge mheirgeach. | Deiseanna a thabhairt do dhaoine le Gaeilge mheirgeach chun a gcuid muiníne a n-ardú. | Bliain 1- Bliain 7 | Glór an Churraigh | Deiseanna labhartha. |

6.7 GRUPAÍ POBAIL

| BEART | GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá) | TRÉIMHSE AMA | ÚINÉIR | CATAGÓIR |
|---|---|---|---|---|
| Méadú ar líon na n-oifigeach Gaeilge | Oifigeach Gaeilge a earcú i ngach ceantar bardasach. | Bliain 1- Bliain 7 | An Chomhairle Chontae. | Deiseanna labhartha agus feiceálacht |
| | | | | |
| Comharthaíocht Poiblí. | Cabhraigh le heagraíochtaí sa phobal fógraíocht dhá theangacha a chur i bhfeidhm | Bliain 1- Bliain 7 | Glór an Churraigh | Feiceálacht |
| An Ghaeilge agus imeachtaí móra phobail | Imeachtaí trí Ghaeilge ceangailte leis na himeachtaí móra sa phobail e.g. Derby, Lá Fhéile Bríde, June Fest. | Bliain 1- Bliain 7 | Glór an Churraigh | Feiceálacht Deiseanna labhartha |

6.8 AN ÓIGE SA PHOBAL

| BEART | GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá) | TRÉIMHSE AMA | ÚINÉIR | CATAGÓIR |
|---|---|---|---|---|
| Club óige a bhunú | Bunaigh Club Óige do ghaeilgeoirí óga, Cruthaigh imeachtaí do dhaoine óga/ do dhéagóirí taobh amuigh den scoil. | Bliain 3- Bliain 7 | Glór an Churraigh. | Deiseanna foghlamtha agus labhartha. |
| Suaitheantas a bhronnadh. | Suaitheantas a bhronnadh ar daoine óige le Gaeilge | Bliain 3- Bliain 7 | Eagraíochtaí ag plé le Gaeilge sa cheantair. | Feiceálacht |
| Gaeilge i gcumainn spóirt | Seisiúin traenála i gcumainn spóirt a eagrú tri Ghaeilge cosúil le Cúl Campa, e.g. club snáimh trí Ghaeilge | Bliain 3- Bliain 7 | Cumainn Spóirt agus Glór an Churraigh | Deiseanna labhartha, feiceálacht. |
| Imeachtaí a eagrú trí Ghaeilge don óige. | Scannán agus Drámaí trí Ghaeilge. Club damhsa hip-hop, bailé agus ar uile. | Bliain 4 – Bliain 7 | Cumainn spóirt, Glór an Churraigh | Deiseanna labhartha, feiceálacht |

6.9 SEIRBHÍSÍ POIBLÍ

| BEART | GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá) | TRÉIMHSE AMA | ÚINÉIR | CATAGÓIR |
|---|---|---|---|---|
| Faireachán ar cur i bhfeidhm an Achta agus polasaithe Gaeilge. | Faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh Achta na Teangacha Oifigiúla sa cheantar agus dul i ngleic leis na húdaráis más gá. | Bliain 1- Bliain 7 | Glór an Churraigh | Feiceálacht |
| Seirbhísí trí Ghaeilge | Seirbhís trí Ghaeilge a lorg ó Sheirbhísí Poiblí agus comhlachtaí príobháideacha. | Bliain 2- Bliain 7 | Glór an Churraigh | Feiceálacht |

6.10 LÍONRÚ LE GRÚPAÍ POBAIL GAEILGE

| BEART | GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT | TRÉIMHSE AMA | ÚINÉIR | CATAGÓIR |
|---|---|---|---|---|

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá)** | | | |
| Comh-imeachtaí | Comh-imeachtaí a eagrú le grúpaí pobail Gaeilge. | Bliain 1- Bliain 7 | GLór an Churraigh agus Grúpaí pobail Gaeilge | Deiseanna labhartha |
| Cuirtí chun freastal ar imeachtaí | Cuirtí do grúpaí eile a bheith rannpháirteach in imeachtaí sa cheantair | Bliain 1- Bliain 7 | Glór an Churraigh agus Grúpaí pobail Gaeilge | Deiseanna labhartha |

6.11 POIBLÍOCHT AGUS FEASACHT

| **BEART** | **GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá)** | **TRÉIMHSE AMA** | **ÚINÉIR** | **CATAGÓIR** |
|---|---|---|---|---|
| Úsáid na meán | Úsáid a bhaint as na meáin shóisialta agus na meáin traidisiúnta áitiúla chun eolas a scaipeadh ar fud an cheantair. | Bliain 1- Bliain 7 | Glór an Churraigh | Deiseanna labhartha. Feiceálacht |
| Poiblíocht trí gnólachtaí agus eagraíochtaí áitiúla | Eolas faoi Gaeilge a scaipeadh trí gnólachtaí agus eagraíochtaí pobail. | Bliain 1- Bliain 7 | Glór an Churraigh | Deiseanna labhartha. Feiceálacht |

7. Cur i bhfeidhm an Phlean Teanga do cheantar bardasach Chill Dara / An Droichead Nua

Ba cheart do gach ceantar bardasach foireann pleanála a chur le chéile (m.sh. d'fhéadfadh Glór an Churraigh feidhmiú mar fhoireann pleanála). Tacóidh Cill Dara le Gaeilge leis an bhfoireann pleanála sin.

Céard iad na critéir ratha do cheantar bardasach Chill Dara / An Droichead Nua? Ba cheart iad a liostáil sa mhír seo.

Ardú ar an méid imeachtaí trí Ghaeilge sa cheantar.

Ardú ar an méid comharthaíochta Gaeilge agus dhá theangach i ngach baile sa cheantar.

Ardú ar an céatadán na gcainteoirí laethúla sa cheantar sa chéad daonáireamh eile.

# Roinn 3.3
# Ceantar Bardasach
# Chill Droichid/Léim an Bhradáin

## Section 3.3
## Celbridge/Leixlip
## Municipal District



9. Fís do cheantar bardasach Chill Droichid / Léim an Bhradáin taobh istigh d’achar ama an phlean seo (2024-2030).

| |
|---|
| Fís choiste Ghaeilge an Bhradáin ná an Ghaeilge a láidriú sa cheantar agus seansanna a chur ar fáil do mhuintir na háite a gcuid Gaeilge a úsáid i mbealach thaitneamhach, neamhfhoirmeálta. |

10. Comhthéacs do cheantar bardasach Chill Droichid / Léim an Bhradáin.

| |
|---|
| Eolas ón daonáireamh le dul isteach anseo agus léarscáil don cheantar bardasach. |

11. Príomhaidhmeanna do cheantar bardasach Chill Droichid / Léim an Bhradáin do na seacht mbliana amach romhainn.

| |
|---|
| Imeachtaí ráithe trí mhéan na Gaeilge a chur ar fáil do mhuintir na háite agus do réimse leathan aoisghrúpaí le seans a thabhairt an Ghaeilge a úsáid i mbealach réchúiseach agus taitneamhach.<br>Tabhairt le chéile de ghrúpaí agus d’eagraíochtaí ar mian leo an Ghaeilge a chur chun cinn le tacú le chéile agus leis an Ghaeilge a neartú sa cheantar.<br>Imeachtaí/ seirbhísí a bheith ar fáil as Gaeilge do mhuintir na háite.<br>An Ghaeilge a bheith mar theanga cumarsáide sa cheantar dóibh siúd ar mian leo í a úsáid. |

12. Bunchlocha do cheantar bardasach Chill Droichid / Léim an Bhradáin.

| |
|---|
| Muintir na háite a bheith ar an eolas faoi Ghaeilge sa cheantar.<br><br>Imeachtaí taitneamhacha trí mhéan na Gaeilge a bheith ar fáil do mhuintir na háite ar mian leo a gcuid Gaeilge a úsáid ar bhonn rialta.<br><br>Coiste Gaeilge a bheith ann leis an nGaeilge a chur chun cinn sa cheantar.<br><br>Imeachtaí spraíúla a chur ar fáil do pháistí an cheantair le seans a thabhairt dóibh a gcuid Gaeilge a úsáid.<br><br>Imeachtaí sóisialta a chur ar fáil do gach aoisghrúpa le daoine ar mian leo Gaeilge a chloisteáil agus Gaeilge a úsáid, a thabhairt le chéile |

13. Na 11 réimse gníomhaíochta:

- An Ghaeilge sa Teaghlach
    - Imeachtaí teaghlaigh a chur ar fháil trí mhéan na Gaeilge

- An Ghaeilge i gCúrsaí Gnó
    - Nasc a dhéanamh le gnólachtaí ar mian leo an Ghaeilge a chur chun cinn sa cheantar.

- Oideachas trí mheán na Gaeilge
    - Nasc a dhéanamh leis an scoil lán-Ghaeilge sa cheantar le himeachtaí a eagrú lasmuigh d'am scoile do dhaltaí an cheantair ar eispéaréis Gaeilge a chur lasmuigh den seomra ranga.

- An Ghaeilge i scoileanna Béarla
    - Nasc a dhéanamh leis na scoileanna sa cheantar le tacú leo an Ghaeilge a chur chun cinn.

- Daoine fásta ag foghlaim na Gaeilge
    - Imeachtaí rialta a chur ar fáil do dhaoine fásta ar mian leo a gcuid Gaeilge a úsáid.
    - Seans a thabhairt do dhaoine fásta a gcuid Gaeilge a fheabhsú agus a chur ar fáil sa bhaile.

- Grúpaí Pobail
    - Nasc a dhéanamh le grúpaí pobal ar mian leo an Ghaeilge a chur chun cinn.

- An Óige sa Phobal
    - Imeachtaí taitneamhacha a chur ar fáil do óige an cheantair le eispéaréis Gaeilge a bheith acu lasmuigh den seomra ranga.

- Seirbhísí Poiblí
    - Tacú le gnólachtaí áitiúla ar mian leo an Ghaeilge a chur chun cinn.

- Líonrú le Grúpaí Pobail Gaeilge
    - Nasc a dhéanamh le ghrúpaí eile agus seansanna an Ghaeilge a úsáid a chur ar fáil.

- Poiblíocht agus Feasacht
    - An Ghaeilge a bheith le feiceáil thart timpeall an cheantair
    - Imeachtaí trí mhéan na Gaeilge a bheith ar fáil agus á fhógairt sa cheantar ar bhonn ráithe.

6 **Bearta agus gníomhartha don 11 réimse**

6.1 AN GHAEILGE SA TEAGHLACH

| BEART | GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá) | TRÉIMHSE AMA[3] | ÚINÉIR | CATAGÓIR |
|---|---|---|---|---|
| Ranganna a chur ar fáil do thuismitheoirí | Ranganna do thuismitheoirí a bhfuil beagán Gaeilge acu cheana féin<br>Ranganna do thuismitheoirí nach bhfuil aon Ghaeilge acu | 1-2 bhliain | Gaeilge an Bhradáin | Deiseanna labhartha |
| Cúinne a chainte a chur ar fáil do dhaoine fásta ar mian leo a gcuid Gaeilge a úsáid. | Cúinne cainte a eagrú sa CLG áitiúil ar bhonn míosúil ar féidir le daoine bualadh le chéile agus a gcuid gaeilge a úsáid. | Ar bhonn miosúil | Gaeilge an Bhradáin | Deiseanna labhartha |
| "Lá Spraoi" a eagrú ar bhonn bliantúil le imeachtaí le Gaeilge a chur ar fháil do mhuintir na háite. | "Lá Spraoi" a eagrú ar bhonn bliantúil le imeachtaí le Gaeilge a chur ar fháil do mhuintir na háite. | Bliantúil | Gaeilge an Bhradáin | Deiseanna labhartha |
| "Siúlóid Gaeilge" | Teaghlaigh a thabhairt le chéile go sóisialta le seans labhartha a chur ar fáil dóibh agus seans bualadh le daoine nua ar mian leo Gaeilge a úsáid. | Bliantúil | Gaeilge na Bhradáin | Deiseanna labhartha/sóisialta |

6.2 AN GHAEILGE SA PHOBAL

| BEART | GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá) | TRÉIMHSE AMA | ÚINÉIR | CATAGÓIR |
|---|---|---|---|---|
| Imeachtaí shóisialta do dhaoine ar mian leo a gcuid Gaeilge a úsáid | Imeacht m.sh. Pop-up Gaeltacht a eagrú ag am Nollag le seans a thabhairt do dhaoine teacht le chéile agus Gaeilge a úsáid i mbealach neamhfhoirmeálta. | Bliantúil | | |

6.3 AN GHAEILGE I gCURSAÍ GNÓ

| BEART | GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá) | TRÉIMHSE AMA | ÚINÉIR | CATAGÓIR |
|---|---|---|---|---|
| Nasc a dhéanamh le gnólachtaí ar mian leo an Ghaeilge a chur chun cinn sa cheantar. | | | | |

6.4 OIDEACHAS TRÍ MHEÁN NA GAEILGE

| BEART | GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá) | TRÉIMHSE AMA | ÚINÉIR | CATAGÓIR |
|---|---|---|---|---|
| Nasc a dhéanamh leis an scoil lán-Ghaeilge sa cheantar le himeachtaí a eagrú lasmuigh d'am scoile do dhaltaí an cheantair ar eispéaréis Gaeilge a chur lasmuigh den seomra ranga. | | | | |

6.5 AN GHAEILGE I SCOILEANNA BÉARLA

| BEART | GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá) | TRÉIMHSE AMA | ÚINÉIR | CATAGÓIR |
|---|---|---|---|---|
| Nasc a dhéanamh leis na scoileanna sa cheantar le tacú leo an Ghaeilge a chur chun cinn. | | | | |

6.6 DAOINE FÁSTA AG FOGHLAIM NA GAEILGE

| BEART | GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá) | TRÉIMHSE AMA | ÚINÉIR | CATAGÓIR |
|---|---|---|---|---|
| | Imeachtaí rialta a chur ar fáil do dhaoine fásta ar mian leo a gcuid Gaeilge a úsáid. | | | |
| | Seans a thabhairt do dhaoine fásta a gcuid Gaeilge a fheabhsú agus a chur ar fáil sa bhaile. | | | |

6.7 GRUPAÍ POBAIL

| BEART | GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá) | TRÉIMHSE AMA | ÚINÉIR | CATAGÓIR |
|---|---|---|---|---|
| Nasc a dhéanamh le grúpaí pobal ar mian leo an Ghaeilge a chur chun cinn. | | | | |

6.8 AN ÓIGE SA PHOBAL

| **BEART** | **GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá)** | **TRÉIMHSE AMA** | **ÚINÉIR** | **CATAGÓIR** |
|---|---|---|---|---|
| Imeachtaí taitneamhacha a chur ar fáil do óige an cheantair le eispéaréis Gaeilge a bheith acu lasmuigh den seomra ranga. | | | | |

6.9 SEIRBHÍSÍ POIBLÍ

| **BEART** | **GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá)** | **TRÉIMHSE AMA** | **ÚINÉIR** | **CATAGÓIR** |
|---|---|---|---|---|
| Tacú le gnólachtaí áitiúla ar mian leo an Ghaeilge a chur chun cinn. | | | | |

6.10 LÍONRÚ LE GRÚPAÍ POBAIL GAEILGE

| **BEART** | **GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá)** | **TRÉIMHSE AMA** | **ÚINÉIR** | **CATAGÓIR** |
|---|---|---|---|---|
| Nasc a dhéanamh le ghrúpaí eile agus seansanna an Ghaeilge a úsáid a chur ar fáil. | | | | |

6.11 POIBLÍOCHT AGUS FEASACHT

| **BEART** | **GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá)** | **TRÉIMHSE AMA** | **ÚINÉIR** | **CATAGÓIR** |
|---|---|---|---|---|
| | An Ghaeilge a bheith le feiceáil thart timpeall an cheantair | | | |
| | Imeachtaí trí mhéan na Gaeilge a bheith ar fáil agus á fhógairt sa cheantar ar bhonn ráithe. | | | |

7. Cur i bhfeidhm an Phlean Teanga do cheantar bardasach Chill Droichid / Léim an Bhradáin
Céard iad na critéir ratha do cheantar bardasach Chill Droichid / Léim an Bhradáin?

| |
|---|
| |

# Roinn 3.4
# Ceantar Bardasach Mhaigh Nuad

## Section 3.4
## Maynooth Municipal District



**Eolas le teacht faoi Cheantar Bardasach Mhaigh Nuad....**

# Roinn 3.5
# Ceantar Bardasach
# Nás na Ríogh

## Section 3.5
## Naas
## Municipal District



## Ceantar Bardasach Nás na Ríogh

## 1. Fís do Cheantar Bardasach Nás na Ríogh

Taobh istigh de thréimhse seacht mbliana beidh sé indéanta ag daoine roinnt gnó agus roinnt caithimh aimsire a dhéanamh go seachtainiúil trí Ghaeilge sa cheantar bardasach.

## 2. Comhthéacs agus cúlra do Cheantar Bardasach Nás na Ríogh.

Tá léargas ar an gcomhthéacs le fáil ó na figiúirí daonáirimh. (Beidh léaráidí le dul anseo tar éis na Nollag)

### DEISEANNA Ó THAOBH NA GAEILGE DE I GCEANTAR BARDASACH NÁS NA RÍOGH SA LÁ ATÁ INNIU ANN

1. Bunaíodh Gaelscoil Nás na Ríogh i 2002 agus bhí 410 dalta cláraithe inti i mí Mheán Fómhair 2023. Is i Nás na Ríogh atá Gaelcholáiste Chill Dara lonnaithe anois agus bhí 389 scoláire cláraithe inti mí Mheán Fómhair 2023. Mar sin, tá breis is 800 duine óg ag fáil a gcuid oideachais trí Ghaeilge i gceantar bardasach Nás na Ríogh.

2. Bíonn deiseanna ag scoileanna Béarla agus Gaeilge páirt a ghlacadh in imeachtaí áitiúla Gaeilge mar shampla comórtais scríbhneoireachta, ealaíne, gearrscannánaíochta a eagrítear i rith Sheachtain na Gaeilge.

3. Tá an grúpa Sult na Sollán, atá lonnaithe sna Solláin, cláraithe mar chraobh de Chonradh na Gaeilge agus é gníomhach i gcur chun cinn na Gaeilge.

4. Bíonn teacht le chéile rialta i Nás na Ríogh ag trí chlub óige Gaeilge – Óg Ógras (?????? ball cláraithe mí Mheán Fómhair 2023), Ógras (23 ball cláraithe i mí Mheán Fómhair 2023) agus Cumann na bhFiann (??????? ball cláraithe i mí Mheán Fómhair 2023). Fáiltíonn na clubanna uile roimh bhaill nua.

5. I mí Mheán Fómhair 2023, i gceantar bardasach Nás na Ríogh, bhí ???????? ball cláraithe ag Gnó Chill Dara an scéim a chuireann gnó chun cinn trí Ghaeilge.

6. Reáchtálann Sult na Sollán (caife Aroma Mocha), Leabharlann Nás na Ríogh agus Seid na mBan ciorcail comhrá seachtainiúla i Nás na Ríogh. Chomh maith leis sin, bíonn ciorcal comhrá rialta ar siúl in Insomnia (caife i Nás na Riogh)

7. Leanann Glór na Ríogh de bheith ag éascú campaí i rith na Cásca agus ag tús an tsamhraidh i nGaelscoil Nás na Ríogh agus iad oscailte do chách.

8. Reáchtálann Coláiste Naomh Eoin dhá chúrsa samhraidh coicíse do dhaltaí bunscoile agus do scoláirí meánscoile i gColáiste Chnoc an Phíobaire i Nás na Ríogh gach bliain.

9. Reáchtálann Leabharlann Chill Dara, Cill Dara le Gaeilge agus Coláiste Chnoc an Phíobaire cúrsaí Gaeilge do dhaoine fásta.

10. Féile bhliantúil dátheangach í Féile na Sollán a eagraítear sna Solláin agus a cheiliúrann gach gné den chultúr Gaelach.

11. Tá clár, a bhfuil fás leanúnach leis, do Sheachtain na Gaeilge (SnaG) i gceantar Nás na Ríogh/na Sollán. Bunaíodh coiste faoi leith le SnaG a chur chun cinn go háitiúil i 2017 agus bíonn comórtais chontae eagraithe anois.

12. Bíonn féile lán-Ghaeilge, Féile Sráide, ar siúl gach bliain i Nás na Ríogh ar Lá Fhéile Pádraig ó 2022.

Príomhaidhmeanna do cheantar bardasach Nás na Ríogh do na seacht mbliana amach romhainn.

Aithníodh na príomhaidhmeanna seo a leanas agus mhúnlaigh siad treo na straitéise seo:

1. Aithneofar Nás na Ríogh/na Solláin mar Líonra Gaeilge (Líonra OIrthear Life).
2. Foilseofar plean teanga seacht mbliana dírithe ar cheantar Nás na Ríogh/na Solláin – ceantar an líonra.
3. Beidh ardú 5% ar líon na gcainteoirí laethúla agus seachtainiúla Gaeilge le feiceáil i nDaonáireamh 2027 i gcomparáid le Daonáireamh 2022.
4. Fostofar ar a laghad duine amháin eile i gceantar Nás na Ríogh/Na Sollán chun an Ghaeilge a chur chun cinn.
5. Beidh plean forbartha ann do Chultúrlann Chill Dara.

Bunchlocha do cheantar bardasach Nás na Ríogh. Seo liosta (pointí urchair) de na rudaí is mian leis an gceantar bardasach a bheith i gcroílár straitéis na Gaeilge don cheantar chun na príomhaidhmeanna atá luaite thuas a bhaint amach.

Tá na bunchlocha seo a leanas aitheanta againn mar nithe tábhachtacha chun ár bpríomhaidhmeanna a bhaint amach:

1. Daoine ar mian leo tosú nó leanúint leis an nGaeilge a bheith mar phríomhtheanga baile acu a aimsiú agus tacú leo.
2. Gaol láidir, inbhuanaithe a fhorbairt idir institiúidí oideachais Gaeilge agus an pobal áitiúil Gaeilge.
3. Nasc a dhéanamh le pobail Ghaeltachta agus saibhreas na Gaeltachta a thabhairt isteach inár dúiche.
4. Nasc a dhéanamh le Líonra Gaeilge amháin eile ar a laghad.
5. Deiseanna oideachais ar gach leibhéal a sholáthar d'fhoghlaimeoirí Gaeilge.
6. Cainteoirí óga Gaeilge a spreagadh chun imeachtaí a reáchtáil.
7. Pobal níos leithne a mhealladh i dtreo na Gaeilge agus iad a bheith gníomhach oiread agus is féidir; tá se mar aidhm againn an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach a chur chun cinn sa saol laethúil.
8. Gaol éifeachtach agus comhthairbheach a thógail le heagraíochtaí náisiúnta a chuireann an Ghaeilge chun cinn.
9. Infheictheacht na Gaeilge ar chomharthaí poiblí, ar chomharthaíocht eile agus sna meáin a fheabhsú.
10. Rath/éifeacht an phlean seo a athbhreithniú ar bhonn leanúnach, ar a n-áirítear ar a laghad comhairliúchán poiblí amháin sa bhliain.
11. Ceantar Nás na Ríogh/Na Sollán a chur chun cinn mar áit mhealltach le clann a thógáil trí Ghaeilge.

Na 11 réimse gníomhaíochta:

**5.1** An Ghaeilge sa Teaghlach

- Go mbeidh tuilleadh teaghlach ag tógáil clainne le Gaeilge sa cheantar
- Go n-eagrófar imeachtaí agus gníomhaíochtaí teaghlaigh trí Ghaeilge taobh amuigh de thimpeallacht na scoile
- Go gcuirfear seirbhísí tacaíochta Gaeilge chun cinn chomh maith le heolas faoi leabhair/cluichí/éadaí etc.
- Go músclófar feasacht faoi na buntáistí a ghabhann le páistí a thógáil le Gaeilge trí eolas a sholáthar do thuismitheoirí chomh luath agus is féidir
- Go gcabhrófar le poiblíocht don scéim 'Tús Maith', scéim tacaíochta do theaghlaigh, atá ag feidhmiú ar leibhéal contae
- Go ndéanfar imscrúdú ar na féidearthachtaí chun microGhaeltacht (pobal beag tithíochta do dhaoine a bhfuil Gaeilge acu) a bhunú i Nás na Ríogh / na Solláin

**5.2** An Ghaeilge sa Phobal

- Go mbeidh deiseanna labhartha rialta ag an bpobal
- Go mbeidh an Ghaeilge níos feiceálaí sa cheantar
- Go bhforbrófar comhoibriú le Comhairle Contae Chill Dara le cinntiú go mbíonn an Ghaeilge ar gach comharthaíocht phoiblí agus go mbíonn sí ag teacht le forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla (leasú), 2021
- Go mbeidh spás soiléir ann do dhaoine nua sa tír i saol na Gaeilge
- Go reáchtálfar mórimeacht cultúrtha amháin gach bliain
- Go mbeidh plean forbartha ann do Chultúrlann Chill Dara.

**5.3** An Ghaeilge i gCúrsaí Gnó

- Go gcuirfear scéim gnó Chill Dara le Gaeilge (Gnó Chill Dara) chun cinn
- Go spreagfar níos mó gnóthaí áitiúla chun an Ghaeilge a úsáid trí eolas agus líonra tacaíochta a sholáthar
- Go spreagfar custaiméirí chun tacú le gnóthaí a úsáideann an Ghaeilge, go háirithe iadsan atá cláraithe leis an scéim gnó
- Go mbeidh gnóthaí áitiúla ar an eolas faoi scéimeanna náisiúnta tacúla.
- Go gcuirfear ceantar bardasach Nás na Ríogh chun cinn mar áit mhealltach chun gnó a dhéanamh trí Ghaeilge.

**5.4** Oideachas trí mheán na Gaeilge

- Go dtacófar leis an nGaelscoil agus an Gaelcholáiste atá cheana féin ann
- Go dtacófar le bunú naíonra sa dúiche áitiúil
- Go dtacófar le bunú gaelscoile eile sa cheantar.

**5.5** An Ghaeilge i scoileanna Béarla

- Go n-éascófar nasc idir na scoileanna lán-Ghaeilge agus na scoileanna lán-Bhéarla.
- Go gcuirfear eolas ar fáil faoi imeachtaí áitiúla Gaeilge do na scoileanna Béarla.
- Go spreagfar úsáid na Gaeilge taobh amuigh den seomra ranga.

**5.6** Daoine fásta ag foghlaim na Gaeilge

- Go soláthrófar ranganna ar chostas réasúnta d'fhoghlaimeoirí ar leibhéil éagsúla, daoine gan focal Gaeilge san áireamh
- Go mbeidh ócáidí ann do dhaoine nua-thagtha chun na tíre
- Go gcuirfear chun cinn na deiseanna áitiúla, atá ann cheana féin, chun an Ghaeilge a fhoghlaim
- Go gcuirfear chun cinn ciorcail chomhrá áitiúla mar bhealach chun líofacht a bhaint amach agus chun bualadh le daoine eile a bhfuil na spéiseanna céanna acu
- Go soláthrófar raon gníomhaíochtaí trí mheán na Gaeilge
- Go gcothófar nasc praiticiúil / soiléir idir foghlaim agus úsáid na Gaeilge
- Go n-ardófar feasacht faoi acmhainní d'fhoghlaimeoirí
- Go scaipfear eolas faoi dheiseanna cónaithe/cúrsaí sa Ghaeltacht agus go bhforbrófar an gaol atá againn le lucht a soláthair tuilleadh
- Go gcruthófar gréasán tacaíochta d'fhoglaimeoirí Gaeilge.

**5.7** Grúpaí Pobail

- Go dtabharfar tacaíocht do ghrúpaí pobail atá ag iarraidh an Ghaeilge a chur chun cinn
- Go dtabharfar tacaíocht do ghrúpaí pobail atá ag iarraidh imeachtaí i nGaeilge a reáchtáil
- Go ndéanfar taighde ar na caithimh aimsire is comónta agus go ndéanfar iarracht -ceann nó dhó a chur ar fáil go rialta i nGaeilge
- Go n-éascófar grúpaí a bhfuil spéis acu an teanga a chur chun cinn le hacmhainní agus smaointe a roinnt lena chéile
- Go gcuirfear úsáid agus feiceálacht na Gaeilge sna clubanna CLG sa cheantar bardasach i gcomhair le scéim Ghlór na nGael – Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha

**5.8** An Óige sa Phobal

- Go nglacfaidh níos mó daoine óga páirt ghníomhach i bpobal na Gaeilge
- Go mbeidh róil cheannaireachta ann do dhéagóirí / daoine fásta óga i saol phobal na Gaeilge
- Go láidreofar an nasc idir scoláirí, iarscoláirí Ghael-Choláiste Chill Dara agus an mórphobal
- Go mbeidh tuilleadh áiseanna spraíúla i nGaeilge ar fáil do dhaoine óga taobh amuigh den chóras oideachais, m.sh. cluichí
- Go n-eagrófar campa(í) samhraidh do dhaltaí bunscoile
- Go mbunófar clubanna óige do pháistí bunscoile agus do scoláirí meánscoile
- Go n-eagrófar comórtais scoláirí meánscoile
- Go mbeidh an Ghaeilge níos feiceálaí in áiteanna a théann daoine óga go rialta.

**5.9** Seirbhísí Poiblí

- Go n-oibreofar i gcomhar le seirbhísí poiblí áitiúla le cinntiú go mbeidh a gcuid seirbhísí uile ar fáil i nGaeilge
- Go spreagfar daoine chun leas a bhaint as seirbhísí poiblí i nGaeilge
- Go mbeidh deiseanna i Leabharlann Nás na Ríogh an Ghaeilge a úsáid go rialta

5.10 Líonrú le pobail Ghaeilge eile



- Go n-eagrófar cuairt thar oíche amháin ar a laghad ar cheantar Gaeltachta
- Go n-eagrófar cuairt thar oíche amháin ar a laghad ar Líonra Gaeilge / ábhar líonra
- Go dtabharfar cuireadh do ghrúpa pobail Gaeltachta cuairt a thabhairt ar cheantar Nás na Ríogh/na Sollán
- Go dtabharfar cuireadh do phobal ó Líonra Gaeilge / ábhar líonra cuairt a thabhairt ar cheantar Nás na Ríogh/na Sollán.

**5.11** Poiblíocht agus Feasacht

- Go n-úsáidfear cur chuige comhordaithe idir grúpaí a reáchtálann gníomhaíochtaí agus imeachtaí Gaeilge le cinntiú go bhfaigheann siad níos mó poiblíochta
- Go n-úsáidfear raon leathan fóram chun poiblíocht a dhéanamh ar imeachtaí le cinntiú go bhfeiceann an líon is mó daoine agus is féidir iad
- Go bhforbrófar caidrimh idir eagraíochtaí áitiúla Gaeilge agus na scoileanna áitiúla ar fad ionas go mbeidh daltaí agus tuismitheoirí ar an eolas faoi chúrsaí Gaeilge sa cheantar.

6 **Bearta agus gníomhartha don 11 réimse**

6.1 AN GHAEILGE SA TEAGHLACH Beimid ag tacú leis na spriocanna contae chomh maith leis na spriocanna atá leagtha amach thíos.

| **BEART ó 5.1** | **GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá)** | **TRÉIMHSE AMA**[4] | **ÚINÉIR** | **CATAGÓIR** |
|---|---|---|---|---|
| Go mbeidh tuilleadh teaghlach ag tógáil clainne le Gaeilge sa cheantar | Cuirfear feachtas ar bun le teaghlaigh óga sa chontae a aimsiú a bhfuil cumas sa Ghaeilge acu agus iad sásta an iarracht a dhéanamh iompú ar an nGaeilge mar theanga teaghlaigh. | Bliain 2 + |  | |
| | | | | |
| Go n-eagrófar imeachtaí agus gníomhaíochtaí teaghlaigh trí Ghaeilge taobh amuigh de thimpeallacht na scoile | Reáchtálfar grúpa tuismitheoirí agus leanaí go rialta i gcomhpháirt le Teanga Tí, scéim de chuid Ghlór na nGael. | Bliain 1 + | CDleG | |
| | Leanfar leis na seisiúin léitheoireachta do pháistí óga a bhíonn ar siúl gach coicís i gcomhpháirt le Leabharlann Nás na Ríogh. | Bliain 1 + | CDleG | |
| | Reáchtálfar imeachtaí sóisialta m.sh. oíche scannánaíochta, seó le Tadhg Mac Dhonnagáin, Sadhbh Rosenstock. | Bliain 1 + | CDleG | |
| | I gcás ina gceapfar Oifigeach na nÓg, déanfar Lá Teaghlaigh (lá a bhfuil ceardlanna agus imeachtaí do theaghlaigh ar siúl) a phleanáil agus a reáchtáil sa cheantar. | Bliain 1 + |  | |
| Go gcuirfear seirbhísí tacaíochta Gaeilge chun cinn chomh maith le heolas faoi leabhair/cluichí/éadaí srl. | Cuirfear leis na hacmhainní atá againn cheana féin agus forbrófar seirbhís le gur féidir linn iad a chur ar fáil do theaghlaigh. Cuirfear liosta na n-acmhainní ar fáil ar www.cilldaralegaeilge.ie. | Bliain 1 + | CDleG | |
| Go músclófar feasacht faoi na buntáistí a ghabhann le páistí a thógáil le Gaeilge trí eolas a sholáthar do thuismitheoirí chomh luath agus is féidir | Eagrófar ceardlann do scoláirí idirbhliana i nGael-Choláiste Chill Dara faoi na buntáistí a bhaineann le páistí a thógáil trí Ghaeilge. | Bliain 1 + | CDleG | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Déanfar modúl iomlán idirbhliana ar na buntáistí a bhaineann le clann a thógáil le Gaeilge a dhearadh agus a sholáthar. | Bliain 1 + | GCCD | |
| Go gcabhrófar le poiblíocht don scéim 'Tús Maith', scéim tacaíochta do theaghlaigh, atá ag feidhmiú ar leibhéal contae | Eagrófar imeacht saor in aisce do thuismitheoirí agus do thuismitheoirí ionchasacha faoi thógáil pháistí trí mheán na Gaeilge agus faoi na buntáistí a ghabhann leis an dátheangachas. | Bliain 1 + | CDleG | |
| Go ndéanfar imscrúdú ar na féidearthachtaí chun microGhaeltacht (pobal beag tithíochta do dhaoine a bhfuil Gaeilge acu) a bhunú i Nás na Ríogh / na Solláin | Eagrófar suirbhé chun spéis ón bpobal a thuiscint sa choincheap go mbeadh microGhaeltacht sa cheantar. Má tá go leor spéise ann, cabhrófar leo aithne a chur ar a chéile agus na chéad chéimeanna eile a dheimniú. | Bliain 1 - 7 | CDleG | |

6.2 AN GHAEILGE SA PHOBAL

Beimid ag tacú leis na spriocanna contae chomh maith leis na spriocanna atá leagtha amach thíos.

| BEART ó 5.2 | GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá) | TRÉIMHSE AMA | ÚINÉIR | CATAGÓIR |
|---|---|---|---|---|
| Go mbeidh deiseanna labhartha rialta ag an bpobal | Leanfar leis na ciorcail chomhrá seachtainiúla a bhíonn ar siúl sa cheantar. | Bliain 1 + | CDleG | |
| | Beidh Pop-up Gaeltacht míosúil ar siúl sa cheantar. | Bliain 1 + | CDleG | |
| | Cruthófar deiseanna sóisialta breise. Mar shampla, cluiche 5 an taobh sacar trí Ghaeilge, cártaí do dhaoine fásta srl. | Bliain 2 + | CDleG | |
| Go mbeidh an Ghaeilge níos feiceálaí sa cheantar | Leanfar de bheith ag plé le Comhairle Contae Chill Dara / Éire Ildánach chun a chinntiú go mbainfear úsáid níos leithne as an nGaeilge ag féilte a fhaigheann maoiniú poiblí. | Bliain 1 + | CDleG | |
| | Nuair is féidir, déanfar teagmháil le lucht eagraithe imeachtaí áitiúla le go mbainfear úsáid as an nGaeilge in:<br>1. Ábhar poiblíochta, 2. Na himeachtaí féin. | Bliain 2 + | CDleG | |
| | Tabharfar cabhair do lucht eagraithe imeachtaí áitiúla réimsí a aithint inar féidir an Ghaeilge a úsáid agus cuirfear tacaíocht chuí ar fáil dóibh. | Bliain 1 + | CDleG | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Cuirfear fógraí le haghaidh ócáidí in áiteanna poiblí, m.sh. i siopaí agus sa leabharlann agus ar líne. | Bliain 1 + | CDleG | |
| | Eagrófar cruinnithe in Áras Chill Dara i lár an lae ionas go mbeidh feasacht ag comhairleoirí agus fostaithe CCCD go bhfuil an Ghaeilge in úsáid mar theanga cumarsáide ag go leor daoine. | Bliain 1 + | CDleG | |
| | Ó am go ham, beidh siopa pop-up nó taispeántas ag CDleG in áit fheiceálach i lár an bhaile. | Bliain 1 + | CDleG | |
| Go bhforbrófar comhoibriú le Comhairle Contae Chill Dara le cinntiú go mbíonn an Ghaeilge ar gach comharthaíocht phoiblí agus go mbíonn sí ag teacht le forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla (leasú), 2021 | Leanfar de bheith ag déanamh athbhreithniú ar chomharthaíocht phoiblí sa dúiche. In aon chás ina mbíonn neamhchomhlíonadh Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, i gceist rachfar i dteagmháil le Comhairle Contae Chill Dara agus más gá, leis an gCoimisinéir Teanga. | Bliain 1 + | CDleG | |
| Go mbeidh spás soiléir ann do dhaoine nua sa tír i saol na Gaeilge | Eagrófar imeachtaí dátheangacha ó am go ham a bheidh dírithe ar an gcultúr Gaelach agus cultúir eile in aon ócáid amháin. | Bliain 1 + | CDleG | |
| | Cuirfear ranganna ar fáil dírithe ar dhaoine nua sa tír ach an maoiniú a bheith ar fáil. | Bliain 1 + | | |
| Go reáchtálfar mórimeacht cultúrtha amháin gach bliain | Eagrófar ceolchoirm nó imeacht cultúrtha eile i suíomh níos mó m.sh. amharclann an Mhóta. | Bliain 1 + | CDleG | |
| Go mbeidh plean forbartha ann do Chultúrlann Chill Dara. | Le cabhair ó sholáthraí seirbhísí proifisiúnta, ullmhófar staidéar féidearthachta, plean gnó agus dearadh don chultúrlainn. | Bliain 2 ? | CDleG | |
| | Oibreoidh CDleG le CCCD chun talamh a chinntiú i Nás na Ríogh / na Solláin (ceantar an líonra) don chultúrlann. | Bliain 1 + | CDleG | |

6.3 AN GHAEILGE I gCURSAÍ GNÓ


Beimid ag tacú leis na spriocanna contae chomh maith leis na spriocanna atá leagtha amach thíos.

| BEART ó 5.3 | GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá) | TRÉIMHSE AMA | ÚINÉIR | CATAGÓIR |
|---|---|---|---|---|
| Go gcuirfear scéim gnó Chill Dara le Gaeilge (Gnó Chill Dara) chun cinn | Cuirfear dhá ghnó nua gach bliain sa cheantar bardasach le líon na ngnóthaí atá ag glacadh páirte sa scéim Gnó Chill Dara. | Bliain 1 - 7 | CDIeG | |
| | Cuirfear ranganna / ceardlanna atá dírithe ar théarmaíochta gnó ar fáil do ghnóthaí. | Bliain 1 + | CDIeG | |
| | Reáchtálfar suirbhé le gnóthaí áitiúla faoin tacaíocht atá uathu. | Bliain 1 + | CDIeG | |
| | Eagrófar siopa pop-up le hearraí Gaelacha ó am go ham. | Bliain 2 + | CDIeG | |
| | Cuirfear 'Fìricí fánacha' faoi Ghnó Chill Dara agus faoi ghnóthaí ar www.cilldaralegaeilge.ie. | Bliain 1 + | CDIeG | |
| Go spreagfar níos mó gnóthaí áitiúla chun an Ghaeilge a úsáid trí eolas agus líonra tacaíochta a sholáthar | Reáchtálfar suirbhé leis na siopaí áitiúla faoin méid Gaeilge atá ag fostaithe. | Bliain 1 + | CDIeG | |
| | Eagrófar feachtas le linn Sheachtain na Gaeilge chun úsáid na Gaeilge i siopaí áitiúla a mhéadú. | Bliain 1 + | CDIeG | |
| | Déanfar frásaí bunúsacha le freastal ar chustaiméirí a thairiscint do na siopaí áitiúla. | Bliain 1 + | CDIeG | |
| Go spreagfar custaiméirí chun tacú le gnóthaí a úsáideann an Ghaeilge, go háirithe iadsan atá cláraithe leis an scéim gnó | Tabharfar cuairt ar scoileanna áitiúla uair sa bhliain ar a laghad chun scéim Gnó Chill Dara a mhíniú agus chun comórtas do chustaiméirí a úsáideann an Ghaeilge a eagrú agus a chur chun cinn. | Bliain 1 + | CDIeG | |
| Go mbeidh gnóthaí áitiúla ar an eolas faoi scéimeanna náisiúnta tacúla | Déanfaidh CDIeG poiblíocht ar an scéim 'Gnó Means Business' (Foras na Gaeilge) agus ar an scéim 'Gradaim' (Glór na nGael). | Bliain 1 + | CDIeG | |
| Go gcuirfear ceantar bardasach Nás na Ríogh chun cinn mar áit mhealltach chun gnó a dhéanamh trí Ghaeilge. | ????????? | | | |

6.4 OIDEACHAS TRÍ MHEÁN NA GAEILGE Beimid ag tacú leis na spriocanna contae chomh maith leis na spriocanna atá leagtha amach thíos.

| **BEART ó 5.4** | **GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá)** | **TRÉIMHSE AMA** | **ÚINÉIR** | **CATAGÓIR** |
|---|---|---|---|---|
| Go dtacófar leis an nGaelscoil agus an Gaelcholáiste atá ann cheana féin | Cuirfear naisc chuig suíomhanna Ghaelscoil Nás na Ríogh agus Gael-Choláiste Chill Dara (GCCD) ar www.cilldaralegaeilge.ie. | Bliain 1 + | CDleG | |
| | Déanfar na scoileanna lán-Ghaeilge a choimeád ar an eolas faoi imeachtaí Gaeilge atá ar siúl sa cheantar | Bliain 1 + | CDleG | |
| | Déanfar an caidreamh a láidriú leis an nGaelscoil agus an Gaelcholáiste trí chuairteanna a thabhairt ar ranganna agus trí chomórtais a eagrú agus a chur chun cinn. | Bliain 1 + | CDleG | |
| | Tabharfar deis do scoláirí GCCD ról cinnireachta a ghlacadh i rith Sheachtain na Gaeilge, na Féile Sráide srl. | Bliain 1 + | CDleG | |
| | Tabharfar tacaíocht do na scoláirí i-n GCCD in-a róil mar iriseoirí san irisleabhar a fhoilseofar i gcomhpháirt le Gaelcholáiste Mhaigh Nuad (GCMN). | Bliain 2 + | CDleG | |
| | Cabhrófar le poiblíocht nuair atá post le líonadh ag na scoileanna lán-Ghaeilge – tríd an bhfolúntas a fhoilsiú ar shuíomh www.cilldaralegaeilge.ie srl. | Bliain 1 + | CDleG | |
| | Bainfear leas as aon scéim oiriúnach atá ann chun cabhrú le Gaelscoileanna i dtaobh cúrsaí teanga, ar nós scéim na gcúntóirí teanga atá faoi chúram Ghlór na nGael. | Bliain 1 - 7 | CDleG | |
| | Eagrófar imeachtaí cultúrtha i gcomhpháirt leis na scoileanna lán-Ghaeilge – mar shampla, cuairt ceoltóirí traidisiúnta a eagrú ar scoileanna i rith an lae. | Bliain 2 + | CDleG | |
| Go dtacófar le bunú naíonra sa dúiche áitiúil | Bunófar gréasán a bheidh tiomnaithe do bhunú naíonra nua i gceantar Nás na Ríogh / na Sollán. (Is féidir ríomhphost a sheoladh chuig eolas@cilldaralegaeilge.ie chun spéis a léiriú sa tionscadal seo). | Bliain 2 + | CDleG | |
| | Cuirfear tús leis an bpróiseas pleanála chun naíonra nua a bhunú. | Bliain 2 + | CDleG | |
| Go dtacófar le bunú gaelscoile nua sa cheantar máguaird | Tógfar gréasán nua a bheidh tiomnaithe do bhunú gaelscoile nua i gceantar na Sollán/Chlaonta (Is féidir ríomhphost a sheoladh chuig eolas@cilldaralegaeilge.ie chun spéis a léiriú sa tionscadal seo). | Bliain 1 - 7 | CDleG | |
| | Cuirfear tús leis an bpróiseas pleanála chun gaelscoil nua a bhunú. | Bliain 1 - 7 | CDleG | |

## 6.5 AN GHAEILGE I SCOILEANNA BÉARLA

| **BEART ó 5.5** | **GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá)** | **TRÉIMHSE AMA** | **ÚINÉIR** | **CATAGÓIR** |
|---|---|---|---|---|
| Go n-éascófar nasc idir na scoileanna lán-Ghaeilge agus na scoileanna lán-Bhéarla | Cothófar caidreamh idir scoileanna lán-Ghaeilge agus scoileanna Béarla m.sh. tobshluaite, cath an cheoil agus comórtais. | Bliain 1 + | CDleG | |
| | Tabharfar cuairt ar scoileanna áitiúla agus cuirfear chun cinn comhoibriú idir scoileanna chun an Ghaeilge a chur chun cinn. | Bliain 2 + | CDleG | |
| | Tabharfar cuireadh do mhúinteoirí i ngach scoil áitiúil teacht ar choiste Sheachtain na Gaeilge. | Bliain 1 + | CDleG / SnaS | |
| Go gcuirfear eolas ar fáil faoi imeachtaí áitiúla Gaeilge do na scoileanna Béarla. | Cinnteofar go dtabharfar eolas faoi imeachtaí Gaeilge áitiúla do na scoileanna Béarla. | Bliain 1 + | CDleG | |
| | I gcás ina gceapfar Oifigeach na nÓg, eagróidh sí/sé imeachtaí Gaeilge i scoileanna Béarla agus tabharfaidh sí/sé cuairteanna ar scoileanna Béarla chun feasacht a ardú faoin bpobal Gaeilge áitiúil agus faoi na gníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl acu. | |  | |
| | Tacófar leis na scoileanna Béarla imeachtaí Gaeilge a reáchtáil. | Bliain 1 + | CDleG | |
| Go spreagfar úsáid na Gaeilge taobh amuigh den seomra ranga. | Scaipfear suirbhé ar na scoileanna áitiúla faoina gcuid imeachtaí Gaeilge le linn Sheachtain na Gaeilge agus na bliana ar fad. | Bliain 2 + | CDleG | |
| | Socrófar/Eagrófar aoichainteoir le cuairt a thabhairt ar scoileanna chun na daltaí a chur ar an eolas/a spreagadh i dtaobh gníomhaíochtaí agus tionscnaimh Ghaeilge a bhíonn ar siúl taobh amuigh den seomra ranga. | Bliain 2 + | CDleG | |
| | Cuirfear liosta cainteoirí oiriúnacha do scoileanna le chéile agus cuirfear in airde é ar shuíomh www.cilldaralegaeilge.ie | Bliain 2 + | CDleG | |
| | Cruthófar deiseanna do mhúinteoirí i scoileanna lán-Bhéarla an Ghaeilge a úsáid agus a fheabhsú chun a muinín ina gcumas teanga a mhéadú. | Bliain 3 + | CDleG | |

6.6 DAOINE FÁSTA AG FOGHLAIM NA GAEILGE


| BEART ó 5.6 | GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá) | TRÉIMHSE AMA | ÚINÉIR | CATAGÓIR |
|---|---|---|---|---|
| Go soláthrófar ranganna ar chostas réasúnta d'fhoghlaimeoirí ar leibhéil éagsúla, daoine gan fhocal Ghaeilge san áireamh | Soláthróidh Cill Dara le Gaeilge dhá nó trí théarma de ranganna comhrá Gaeilge gach bliain ar dhá leibhéal cumais ar a laghad, ag brath ar éileamh. | Bliain 1 + | CDleG | |
| | Beidh ranganna Gaeilge ar fáil freisin i gColáiste Chnoc an Phíobaire mar chuid dá gclár oideachais do dhaoine fásta. | Bliain 1 + | Coláiste Chnoc an Phíobaire | |
| | Nuair a bhronnfar stádas Líonra Gaeilge ar cheantar Nás na Ríogh / na Solláin, sa cheantar sin, cuirfear téarma teoranta ranganna saor in aisce ar an nGaeilge agus ar an gcultúr Gaelach ar fáil do dhaoine fásta nach bhfuil Gaeilge acu. | | CDleG | |
| | Ach an maoiniú a bheith ar fáil, cuirfear ranganna Gaeilge ar fáil d'fhostaithe de chuid Chomhairle Contae Chill Dara gach bliain. | | | |
| Go mbeidh ócáidí ann do dhaoine nua tagtha sa tír | Eagrófar ranganna / ceardlanna teanga agus cultúrtha do dhaoine atá tar éis bogadh go hÉirinn. | Bliain 1 + | CDleG | |
| Go gcuirfear chun cinn na deiseanna áitiúla, atá cheana féin ann, chun an Ghaeilge a fhoghlaim | Cruthófar rannóg ar www.cilldaralegaeilge.ie chun deiseanna agus acmhainní foghlama a sholáthar do dhaoine fásta. | Bliain 1 + | CDleG | |
| Go gcuirfear chun cinn ciorcail chomhrá áitiúla mar bhealach chun líofacht a bhaint amach agus chun bualadh le daoine eile a bhfuil na spéiseanna céanna acu | Déanfar poiblíocht ar chiorcail chomhrá áitiúla i nuachtlitreacha, ar na meáin shóisialta agus ar www.cilldaralegaeilge.ie. | Bliain 1 + | CDleG | |
| Go soláthrófar raon gníomhaíochtaí trí mheán na Gaeilge | Gach bliain soláthrófar deis nua amháin chun scil, nach mbaineann leis an nGaeilge, a fhoghlaim/a fheabhsú trí mheán na Gaeilge m.sh. cócaireacht. | Bliain 2 + | CDleG | |
| Go gcothófar nasc praiticiúil / soiléir ann idir fhoghlaim agus úsáid na Gaeilge | Eagrófar ceardlann a bhaineann le scil áirithe a fhoghlaim. Sa chéad chuid den cheardlann múinfear na téarmaí a bhaineann leis an scil sin, agus sa dara cuid cuirfear an stór focail nua i bhfeidhm m.sh. ficheall agus na téarmaí a bhaineann léi a fhoghlaim. | Bliain 2 + | CDleG | |



| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Eagrófar ciorcal comhrá rialta d'fhoghlaimeoirí atá ag céim luath ina dturas teanga. | Bliain 2 + | CDleG | |
| Go n-ardófar feasacht faoi acmhainní d'fhoghlaimeoirí | Déanfar poiblíocht ar acmhainní d'fhoghlaimeoirí i nuachtlitreacha, ar na meáin shóisialta agus ar www.cilldaralegaeilge.ie. m.sh. Duolingo, Nuacht Mhall, TG4, Cúla 4, RnaG srl. | Bliain 2 + | CDleG | |
| Go scaipfear eolas faoi dheiseanna cónaithe/cúrsaí sa Ghaeltacht agus go bhforbrófar an gaol atá againn le lucht a soláthair a fhorbairt tuilleadh | Cothófar gaol leosan a sholáthraíonn cúrsaí/éispéiris chónaithe Gaeltachta | Bliain 2 + | CDleG | |
| | Scaipfear eolas faoi chúrsaí/éispéiris chónaithe Gaeltachta i nuachtlitreacha, ar na meáin shóisialta agus ar www.cilldaralegaeilge.ie. | Bliain 2 + | CDleG | |
| Go gcruthófar gréasán tacaíochta d'fhoglaimeoirí Gaeilge. | Aimseofar daoine a bheidh toilteanach tacú chun an gréasán a chomhordú agus a fhorbairt, mar shampla trí ghrúpa Whatsapp a chruthú, acmhainní a roinnt. | Bliain 1 + | CDleG | |
| | | | | |

6.7 GRUPAÍ POBAIL

| **BEART ó 5.7** | **GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá)** | **TRÉIMHSE AMA** | **ÚINÉIR** | **CATAGÓIR** |
|---|---|---|---|---|
| Go dtabharfar tacaíocht do ghrúpaí pobail atá ag iarraidh an Ghaeilge a chur chun cinn | Cuirfear leabhrán foclóra/nathanna le chéile do ghrúpaí pobal agus clubanna. | Bliain 2 + | CDleG | |
| | Reáchtálfar ceardlanna do thraenálaithe foirne spóirt chun cabhrú leo cúpla focal a shní isteach i gcúrsaí traenalá. | Bliain 2 + | CDleG | |
| Go dtabharfar tacaíocht do ghrúpaí pobail atá ag iarraidh imeachtaí i nGaeilge a reachtáil | Cuirfear tacaíocht poiblíochta, aistriúcháin agus maoinithe ar fáil do ghrúpaí pobail. | Bliain 1 + | CDleG | |
| Go ndéanfar taighde ar na caithimh aimsire is comónta agus go ndéanfar iarracht ceann nó dhó a chur ar fáil go rialta i nGaeilge | Scaipfear suirbhé ar dhaoine fásta sa cheantar, a bhfuil roinnt Gaeilge acu, faoi na caithimh aimsire is fearr leo. Déanfar taighde ar bhonn na dtorthaí sin faoi dhaoine a bheadh in ann na caithimh aimsire is comónta a chur ar fáil i nGaeilge. | Bliain 1 + | CDleG | |
| Go n-éascófar grúpaí a bhfuil spéis acu an teanga a chur chun cinn le hacmhainní agus smaointe a roinnt lena chéile | Reáchtálfar ceardlann uair sa bhliain chun na deiseanna ó thaobh chur chun cinn na Gaeilge a phlé. | Bliain 1 + | CDleG | |
| Go gcuirfear úsáid agus feiceálacht na Gaeilge sna clubanna CLG sa cheantar bardasach i gcomhair le scéim Ghlór na nGael – Fondúracht Sheosaimh Mhic Dhonncha | Tacófar leis an obair iontach atá ar bun ag Glór na nGael. | Bliain 1 + | CDleG | |
| Go gcuirfear úsáid agus feiceálacht na Gaeilge i gComhaltas Ceoltóirí Éireann, Chill Chéile/Bhaile Éide? | Leanfaidh an ciorcal comhrá seachainiúil ar aghaidh agus beidh fáilte roimh dhaoine nua ann | Bliain 1+ | CCÉ Chill Chéile / Bhaile Éide | |
| | Leanfaidh an 'Frása an Lae' ar aghaidh ar an ngrúpa Whatsapp d'fhoghlaimeoirí Gaeilge sa chraobh | Bliain 1+ | CCÉ Chill Chéile / Bhaile Éide | |
| | Beidh Gaeilge le feiceáil ar chuntais ar na meáin shóisialta ag an gcraobh | Bliain 1+ | CCÉ Chill Chéile / Bhaile Éide | |

6.8 AN ÓIGE SA PHOBAL

| **BEART ó 5.8** | **GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá)** | **TRÉIMHSE AMA** | **ÚINÉIR** | **CATAGÓIR** |
|---|---|---|---|---|
| Go nglacfaidh níos mó daoine óga páirt ghníomhach i bpobal na Gaeilge | Cuirfear aithne ar éascaitheoirí na gclubanna óige agus ar éascaitheoirí i scoileanna sa cheantar agus déanfar teagmháil rialta leo. | Bliain 2 + | CDleG | |
| | Reáchtálfar oícheanta sóisialta m.sh. oíche scannánaíochta, ceolchoirmeacha do dhaoine óga. | Bliain 2 + | CDleG | |
| | I gcás ina gceapfar Oifigeach na nÓg ann, eagróidh sí/sé imeachtaí do dhéagóirí. m.sh. spóirt uisce | |  | |
| Go mbeidh róil cheannaireachta ann do dhéagóirí / daoine fásta óga i saol phobal na Gaeilge | I gcás ina gceapfar Oifigeach na nÓg, fiosróidh siad an deis le KFM nó stáisiún raidió eile clár míosúil a cur i láthair ag déagóirí. | Bliain 2 | CDleG agus KFM  | |
| Go láidreofar an nasc idir scoláirí, iarscoláirí Ghael-Choláiste Chill Dara, iarscholáirí eile agus an mórphobal | Leanfar ar aghaidh le teagmháil rialta a chothú le foireann GCCD. | Bliain 1 + | CDleG | |
| | Bunófar líonra d'fhágálaithe scoile chun imeachtaí sóisialta rialta a eagrú trí mheán na Gaeilge. | Bliain 2+ | CDleG | |
| | Cuirfear fáilte roimh fhágálaithe scoile ar mian leo bheith níos gníomhaí i gcur chun cinn na Gaeilge sa dúiche agus spreagfar iad chun bheith bainteach le tionscadal nó coiste teanga amháin ar a laghad. | Bliain 2 + | CDleG | |
| Go mbeidh tuilleadh áiseanna spraíúla i nGaeilge | Tabharfar tacaíocht do GCCD imeachtaí a reáchtáil d'iarscoláirí na scoile. | Bliain 2 + | CDleG | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| ar fáil do dhaoine óga taobh amuigh den chóras oideachais m.sh. cluichí | | | | |
| | Beidh bailiúchán cluichí ar fáil in áiteanna ar nós na leabharlann. | Bliain 1 – 7 | CDleG agus Leabharlann Nás na Ríogh | |
| Go n-eagrófar campa(í) samhraidh do dhaltaí bunscoile | I gcás ina gceapfar Oifigeach na nÓg, déanfaidh sí/sé taighde a ar na deiseanna atá ann do dhaoine óga agus ar na bearnaí sna deiseanna sin. Eagrófar campa(í) chun deiseanna breise spraíúla a thabhairt dóibh. | |  | |
| Go mbunófar clubanna óige do pháistí bunscoile agus do scoláirí meánscoile | I gcás ina gceapfar Oifigeach na nÓg, bunóidh sí/sé clubanna óige do dhéagóirí nó cabhróidh sí/sé chun clubanna a bhunú. | |  | |
| Go n-eagrófar comórtais scoláirí meánscoile | Eagrófar comórtais agus cuirfear obair na mbuaiteoirí ar taispeáint i bhfóram poiblí m.sh. i Leabharlann Nás na Ríogh nó ag Féile Sráide Nás na Ríogh ar Lá Fhéile Pádraig. | Bliain 1 + | CDleG / SnaS | |
| Go mbeidh an Ghaeilge níos feiceálaí in áiteanna a théann daoine óga go rialta | Scaipfear suirbhé na scoileanna lán-Ghaeilge sa cheantar faoi na caithimh aimsire is fearr leo. Déanfar taighde ar bhonn na dtorthaí sin faoi dhaoine a bheadh in ann na caithimh aimsire is comónta a chur ar fáil i nGaeilge. m.sh. ranganna snámha, club drámaíochta srl. | Bliain 2 + | CDleG | |
| | | | | |

6.9 SEIRBHÍSÍ POIBLÍ

| BEART ó 5.9 | GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá) | TRÉIMHSE AMA | ÚINÉIR | CATAGÓIR |
|---|---|---|---|---|
| Go n-oibreofar i gcomhar le seirbhísí poiblí áitiúla le cinntiú go mbeidh a gcuid seirbhísí uile ar fáil i nGaeilge | Fiosrófar cé atá freagrach as seirbhísí i nGaeilge a sholáthar i ngach ceann díobh seo a leanas: Comhairle Contae Chill Dara, FSS, An Garda Síochána, an Oifig Mótarchánach, leabharlanna, seirbhísí Faisnéise do Shaoránaigh. | Bliain 2 + | CDleG | |
| | Fiosrófar cad iad na seirbhísí poiblí a bhfuil fáil orthu i nGaeilge sa cheantar. | Bliain 2 + | CDleG | |
| | | | | |
| Go spreagfar daoine chun leas a bhaint as seirbhísí poiblí i nGaeilge | Eagrófar feachtas áitiúil chun daoine a chur ar an eolas faoi na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge. | Bliain 2 + | CDleG | |
| | Fógrófar seirbhísí i nGaeilge ar www.cilldaralegaeilge.ie, www.kildare.ie agus ar na meáin dhigiteacha, chraolta nó chlóite fheiliúnacha eile. | Bliain 2 + | CDleG | |
| | Beidh cur i láthair ag Cruinniú Cinn Bhliana thuismitheoirí Ghaelscoil Nás na Ríogh chun iad a spreagadh le leas a bhaint as na seirbhísí atá ar fáil. | Bliain 1 + | CDleG | |
| | Eagrófar feachtas feasachta le scoláirí dara leibhéal faoi na seirbhísí Gaeilge atá ann agus faoin gceart atá acu leas a bhaint as seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge. | Bliain 1 + | CDleG | |
| | Eagrófar ócáid do phobal Ghael-Choláiste Chill Dara chun iad a spreagadh le leas a bhaint as na seirbhísí atá ar fáil | Bliain 1 + | CDleG | |
| | | | | |
| Go mbeidh deiseanna i Leabharlann Nás na Ríogh an Ghaeilge a úsáid go rialta | Eagróidh Leabharlann Nás na Ríogh ciorcail chomhrá rialta. | Bliain 1 + | CCCD | |
| | Tabharfar tacaíocht agus spreagadh do na leabharlanna go léir chun leibhéal áirithe seirbhíse a chur ar fáil trí Ghaeilge. | Bliain 1 + | CDleG | |
| | Féachfaidh na leabharlanna uile le cur lena mbailiúcháin de leabhair Ghaeilge. | Bliain 1 + | CCCD | |
| | Cuimseoidh gach féile (m.sh. Féile Léitheoirí Chill Dara) ar a | Bliain 1 + | CCCD | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | laghad imeacht amháin i nGaeilge. | | | |
| | | | CDleG | |
| | Beidh cur i láthair ag Cruinniú Cinn Bhliana thuismitheoirí Ghaelscoil Nás na Ríogh chun iad a spreagadh le leas a bhaint as na seirbhísí atá ar fáil. | Bliain 1 + | CDleG | |
| | Eagrófar feachtas feasachta le scoláirí dara leibhéal faoi na seirbhísí Gaeilge atá ann agus faoin gceart atá acu leas a bhaint as seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge. | Bliain 1 + | CDleG / GCCD | |
| | Eagrófar ócáid do phobal Ghael-Choláiste Chill Dara chun iad a spreagadh le leas a bhaint as na seirbhísí atá ar fáil. | Bliain 1 + | CDleG / GCCD | |

6.10 LÍONRÚ LE GRÚPAÍ POBAIL GAEILGE

| **BEART ó 5.10** | **GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá)** | **TRÉIMHSE AMA** | **ÚINÉIR** | **CATAGÓIR** |
|---|---|---|---|---|
| Go n-eagrófar cuairt thar oíche amháin ar a laghad ar cheantar Gaeltachta | Eagrófar cuairt thar oíche amháin ar a laghad ar cheantar Gaeltachta a mbeidh sé de sprioc léi éispéiris shóisialta agus chultúrtha a roinnt chomh maith le dea-chleachtas ó thaobh na pleanála teanga don Ghaeilge. | Bliain 2 + | CDleG | |
| | | | | |
| Go n-eagrófar cuairt thar oíche amháin ar a laghad ar Líonra Gaeilge | Eagrófar cuairt thar oíche amháin ar a laghad ar Líonra Gaeilge a mbeidh sé de sprioc léi éispéiris shóisialta agus chultúrtha a roinnt chomh maith le dea-chleachtas ó thaobh na pleanála teanga don Ghaeilge. | Bliain 1 + | CDleG | |
| Go dtabharfar cuireadh do ghrúpa pobail Gaeltachta cuairt a thabhairt ar cheantar Nás na Ríogh/na Sollán | Tabharfar cuireadh do ghrúpa pobail ón nGaeltacht cuairt a thabhairt ar cheantar Nás na Ríogh/na Sollán. Eagrófar sraith d’imeachtaí cultúrtha a fheilfidh don ghrúpa a bheidh ag teacht ar cuairt. | Bliain 2 + | CDleG | |
| Go dtabharfar cuireadh do phobal ó Líonra Gaeilge / ábhar líonra cuairt a thabhairt ar cheantar Nás na Ríogh/na Sollán | Tabharfar cuireadh do phobal ó Líonra Gaeilge cuairt a thabhairt ar cheantar Nás na Ríogh/na Sollán. Eagrófar sraith d’imeachtaí cultúrtha a fheilfidh don ghrúpa a bheidh ag teacht ar cuairt. | Bliain 1 + | CDleG | |

6.11 POIBLÍOCHT AGUS FEASACHT

| **BEART ó 5.11** | **GNÍOMH/GNÍOMHARTHA CHUN AN SPRIOC A BHAINT AMACH (cuir isteach níos mó ná ceann amháin más gá)** | **TRÉIMHSE AMA** | **ÚINÉIR** | **CATAGÓIR** |
|---|---|---|---|---|
| Go n-úsáidfear cur chuige níos comhordaithe idir grúpaí a reáchtálann gníomhaíochtaí agus imeachtaí Gaeilge le cinntiú go bhfaigheann siad níos mó poiblíochta | Oibreoidh grúpaí áitiúla, atá ag eagrú imeachtaí Gaeilge áitiúla, níos dlúithe le chéile chun imeachtaí a chéile a phoibliú – mar shampla, trí imeachtaí a chéile a roinnt ar na meáin shóisialta, i nuachtlitreacha nó i dteachtaireachtaí ar WhatsApp. | Bliain 1 + | CDleG | |
| | Cothófar gaol le grúpaí náisiúnta chun imeachtaí Gaeilge a chur chun cinn. | Bliain 1 + | CDleG | |
| Go n-úsáidfear raon leathan fóram chun poiblíocht a dhéanamh ar imeachtaí le cinntiú go bhfeiceann an líon is mó daoine agus is féidir iad | Fógrófar imeachtaí Gaeilge gach ráithe sna meáin áitiúla. | Bliain 1 + | CDleG | |
| | Déanfar suíomh gréasáin www.cilldaralegaeilge a fhorbairt agus a thabhairt suas chun dáta chun cartlann agus naisc le níos mó imeachtaí Gaeilge, a bhíonn á n-eagrú ag dreamanna eile, a chuimsiú. Cuirfear imeachtaí rialta ar an bhféilire comónta ar www.cilldaralegaeilge.ie. | Bliain 1 + | CDleG | |
| | Leanfar de bheith ag leathnú na húsáide a bhainfear as na meáin shóisialta chun imeachtaí agus acmhainní a phoibliú m.sh. Facebook, Twitter, Meetup, Instagram, Flickr, YouTube. | Bliain 1 + | CDleG | |
| | Úsáidfear meirgí agus cláir rocacha móra chun infheictheacht imeachtaí Gaeilge a mhéadú agus eolas fúthu a scaipeadh. | Bliain 1 + | CDleG | |
| Go bhforbrófar caidrimh idir eagraíochtaí áitiúla Gaeilge agus na scoileanna áitiúla ar fad ionas go mbeidh daltaí agus tuismitheoirí ar an eolas faoi chúrsaí Gaeilge sa cheantar. | Aimesofar duine i ngach scoil áitiúil a fheidhmeoidh mar nasc chun dáileadh eolais faoi phoibliú imeachtaí agus gníomhaíochtaí Gaeilge a chomhordú. | Bliain 1 + | CDleG | |
| | Cuirfear le húsáid nuachtlitreacha scoileanna áitiúla chun imeachtaí Gaeilge a phoibliú. | Bliain 1 + | CDleG | |

7. Cur i bhfeidhm an Phlean Teanga do cheantar bardasach Nás na Ríogh

Áireofar rath a bheith ar an bplean ach an méid seo a leanas a bheith bainte amach:

- Ceantar Nás na Ríogh/na Sollá‍in a bheith aitheanta mar Líonra Gaeilge.
- Ardú ar chéatadán na gcainteoirí laethúla agus na gcainteoirí seachtainiúla Gaeilge le chéile (taobh amuigh den chóras oideachais) i bhfigiúirí dhaonáireamh 2027 i gcomparáid le figiúirí dhaonáireamh 2022.
- Duine amháin breise ar a laghad a bheith fostaithe ar bhonn lánaimseartha i gceantar Nás na Ríogh/na Sollán chun an Ghaeilge a chur chun cinn.
- Tá tréimhse ama luaite le gach sprioc. Rinne an coiste pleanála iarracht spriocanna uaillmhianacha a leagan amach ach é a bheith indéanta iad a bhaint amach. Má bhaintear amach 70% de na spriocanna atá leagtha amach sa phlean, áireoimid go raibh rath air.

AN GHAEILGE I gCONTAE CHILL DARA – stair

Dónall Ó Riagáin

Meastar gur tháinig na Ceiltigh go hÉirinn timpeall 500RC – rud a fhágann gur dócha go bhfuil an Ghaeilge á labhairt inár ndúiche le thart faoi 2,500 bliain. Ní beag sin!

Go bhfios dúinn, ní raibh aon chur isteach uirthi mar theanga phobail go dtí gur tháinig an Chríostaíocht go hÉirinn agus ansin ba i réimse amháin saoil a úsáideadh an Laidin – adhradh Dé. Tháinig roinnt focal ón Laidin isteach sa Ghaeilge e.g sagart ó sacerdos agus comaoin ó communio. Spéisiúil go leor, is i Laidin atá mórchuid de na lámhscríbhinní áille Gaelacha.

Níorbh fhada go raibh cur isteach eile orainn – ceann nach raibh chomh séimh le teacht Phádraig Naofa is a chuid compánach – teacht na Lochlannach. Is mar ruathairí a tháinig siad i dtús báire ach ansin thosaigh siad ag cur fúthu – ar an gcosta thoir ach go háirithe. Fuair an Ghaeilge roinnt focal uathu e.g. beoir ón bhfocal birra. Ach b'iad na logainmneacha ba mhó a d'fhág siad ina ndiaidh – ainmneacha áiteanna mar Howth, Ireland's Eye – (is é eye an focal Lochlannaise ar oileán) – Waterford, Helvic, i nGaeltacht na nDéise, agus ceann breá i gCill Dara – Leixlip. Is ionann ciall an leagain Ghaeilge den áit (i.e. Léim an Bhradáin agus an leagan Lochlainnise).

Níorbh fhada na Lochlannaigh imithe nó tháinig dream eile go hÉirinn – na hAngla-Normannaigh – nuair a tháinig Strongbow agus a chuid i dtír ar Thrá Bhanú i ndeisceart Loch Gormain i 1169. Cineál Fraincise a labhair cinnirí an ghrúpa seo agus cineál seanBhéarla a labhair na coisithe. Tugadh talamh do na coisithe i ndeisceart Loch Garman mar chúiteamh ar a gcuid seirbhísí agus, spéisiúil go leor, mhair a gcanúint Bhéarla mar theanga phobail go dtí lár an 19ú chéid sa dúiche sin. Yola a tugtar uirthi. Bhronn Rí Shasana talamh ar na hAngla-Normannaigh i gCill Dara chomh maith le háiteanna eile. Mheasc na plandálaithe leis na Gaeil, phós siad a chéile agus níorbh fhada go raibh siad 'chomh Gaelach leis na Gaeil féin'. Tá focail a tháinig óna gcuid Fraincise le fáil sa Ghaeilge – go háirithe i nGaeilge na Mumhan e.g. garsún in ionad buachaill, agus séipéal ó chapelle na Fraincise An bád canbháis a dtugann muintir Chonamara currach air, is naomhóg a thugann muintir Chorca Dhuibhne air – ón bhFraincis navette.

Tháinig seo agus d'imigh siúd. In ainneoin Sasanaigh a labhair Béarla, a bhí níos cosúla le Béarla an lae inniu, do theacht go Cill Dara lean an Ghaeilge mar phríomh-theanga phobail.

Tá samplaí de Ghaeilge Chill Dara againn ó thréimhsí áirithe e.g Beatha Bhríde (ó 429 go 535 AD).

Bhí na Péindlíthe in aghaidh na gCaitliceach bhfeidhm san 18ú céad – rud a d'fhág go raibh formhór an phobail – i gCill Dara agus ar fud na tíre - imeallaithe. Ach mhair an Ghaeilge agus an cultúr a ghabh léi i dtithe na

cosmhuintire. Tugann an scoláire iomráiteach, Dónall Ó Corcara, léargas ar seo ina leabhar iomráiteach The Hidden Ireland. Bhí Cill Dara plandálaithe go trom toisc an tlamh a bheith ar fheabhas agus toisc í bheith gar do bhaile Átha Cliath. 'Nach Béarla a bhí á labhair ag muintir na dtithe móra dála Kerdifstown House, Carton House nó Newberry Hall?', a d'fhiafródh daoine áirithe. Sea, bheadh an ceart acu. Béarla a labhraíodh na húinéirí agus a dteaghlaigh. Ach ná dearmadaimis go raibh arm beag de sheirbhísigh tí agus de sclábhaithe feirme. ag gach teach mór. Bhí! Agus Gaeilge a bhí mar mháthairtheanga acusan agus ag na tionóntaithe a raibh gabháltais bheaga ar cíos acu ón tiarna talún.

Ach bhí cúrsaí ag athrú. Tar éis Blàr Chùil Lodair (Battle of Culloden) i 1745 bhí deireadh go praiticiúil le héirí amach na Stíobhartach agus d'imigh Bonnie Prince Charles leis chun na mór-roinne. Bhí an bhagairt do choróin Shasana thart. Níor cuireadh na Péindlíthe i bhfeidhm chomh dian sin ina dhiaidh. Go deimhin, i 1782 ritheadh Catholic Act a thug faoiseamh ó chuid de na péindlithe a bhí i bhfeidhm roimhe siúd is gur chaith ceadúnas a bheith fós ag gach sagart Caitliceach. Bhí de thoradh air seo gur thosaigh aicme petite bourgeoisie Caitliceach ag teacht chun tosaigh – daoine dála feirmeoirí móra, siopadóirí agus ceannaithe. Theastaigh uathusan go nglacfadh na húdaráis agus a gcomharsana Protastúnacha leo. Bhíodar dílis don Choróin, a dúirt siad. Agus cén bealach ab fhearr chun an dílseacht agus an mheasúlacht sin a léiriú ná an Béarla a labhairt mar ghnáth-theanga? B'ansin a thosaigh meath na Gaeilge i gCill Dara agus ar fud na tíre.

Bunaíodh an chéad chraobh de Chonradh na Gaeilge i gContae Chill Dara sa Nás i 1901. Rev. T. Gorry atá luaite mar Uachtarán agus Máire Ní Raghallaigh mar rúnaí. Bunaíodh craobh eile i Maigh Nuad beagáinín níos déanaí an bhliain chéanna agus bunaíodh craobh sna Solláin i 1906. An Ath.. P. Maguidhir a bhí ina Chathaoirleach agus bé Éamonn Ó Ceallaigh an Rúnaí. Leathnaigh an Conradh sa chontae sna blianta beaga a lean agus bunaíodh craobhacha in áiteanna mar Chill Droichid, an Droichead Nua, Áth Í agus an Chill.

Ní miste focal a rá faoi Mháire Ní Raghallaigh, an chéad rúnaí ar Chraobh an Náis. B'iníon í le Patrick O'Reilly, múinteoir bunscoile a rugadh i nDroim Conrach, Co. na Mí, agus a d'fhoilsigh roinnt chnuasach de dhánta is d'amhráin. Bhog Máire agus a hathair go dtí Cill Dara. Táid araon curtha sa reilg ag Baile an Bharóidigh. Bhí Máire mar bhall de Choiste Gnó Chonradh na Gaeilge ó 1921 ar aghaidh. Dúradh fúithi i Banba (Iúil 1903), '…. tá sí ag obair gan staonadh, agus ní miste a rá gur mó atá déanta ar son na teanga aici ná mar atá ag muintir Chill Dara eile go léir curtha i dteannta a chéile. Ní móide go bhfuil craobh eile in Éirinn níos treise faoi láthair ná mar atá Craobh Náis na Rí. Is í Máire teachtaire na Craoibhe le dhá bhliain chun na hArd-Fheise. Cuireadh Comhaltas Ceardaíochta ar bun faoi chúram na Craoibhe timpeall na Samhna seo caite. . . . Mná óga na Craoibhe a chuir an Comhaltas seo ar siúl .... Titeann formhór den obair ar Mháire, ámh, mar gurb í rúnaí an Chomhaltais seo ó thús í'. Bhunaigh Conradh na Gaeilge siopa leabhar i Sráid Dorsait i mBaile Átha Cliath. Ceapadh Máire mar Bhainisteoir ar an siopa – post a choinnigh sí go dtí go bhfuair sí bas i 1941.

In alt a scríobh Domhnall Mac Cárthaigh (múinteoir i mBunscoil na mBráithre Críostaí sa Nás) don Leinster Leader sna 80aidí dúirt sé go ndeachaigh obair na Gaeilge ar gcúl ag deireadh na 20aidi agus gur fhan sí ar leibhéal an-íseal sna 30aidí agus isteach sna 40aidí. Bhí grúpa léitheoireachta ag an gClub Leabhar sa Nás sna 50aidí, áfach. (Club a bhí anseo chun leabhair nua Gaeilge a chur ar fáil ar phraghas íseal do phobal na Gaeilge agus chun iad a spreagadh leis na leabhair a léamh is a phlé. Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge a bhí ina bhun).

Sna 60aidí tháinig borradh úrnua faoin nGaeilge sa Nás nuair a bunaíodh coiste do Ghlór na nGael. Bunaíodh naíscoil lán-Ghaeilge i Halla an Bhaile, cuireadh an Ghaeilge chun tosaigh sna siopaí agus thug ceathrar a bhí bainteach le Glór na nGael faoi thionscadal nua ildánach. Cheannaigh siad suíomhanna gar dá chéile ar Bhóthar Ráth Oscair agus thóg siad tithe. D'fhéadfaí micreaGhaeltacht a thabhairt air. Tógadh cúigear páiste déag ann agus an Ghaeilge mar phríomhtheanga acu. I 1973 thug scata ó Mhuintir Chrónáin – grúpa Gaeilge a bhí ag feidhmiú i Ráth Cúil agus i gCluain Dolcáin – faoi Ghaelscoil a bunú. Thug daoine ón Nás, go rí-speisialta Nodlaig Ó Cianáin, tacaíocht chroíúil don bheartas agus i 1975 d'oscail Scoil Chrónáin a doirse. Siúd is go raibh na daoine úd, a chuir go nimhneach in aghaidh bunú na scoile, agus ag rá go dteipfeadh ar an scoil ceal spéise níorbh fhada go raibh níos mó páistí ag freastal uirthi ná mar a bhí ar scoil an pharóiste.

Tháinig seo agus d'imigh siúd. Inniu tá Gaelscoileanna sa Nás, i gCill Droichid, dhá cheann i Maigh Nuad, an Droichead Nua, Ath Í, Cill Dara, Cill Coca agus ar thaobh Chill Dara den teorann chontae i mBaile Coimín. Agus tá Gaelcholáistí anois sa Nás agus i Maigh Nuad.

Tá beartas Gaeilge eile, atá luaite go dlúth le dlúth le Contae Chill Dara. Bhí leabhair éagsúla an Bhíobla á n-aistriú go Gaeilge chomhaimseartha ag na húdaráis Chaitliceacha. (Bhí leagan Gaeilge den NuaThiomna ag Eaglais na hÉireann ó 1685, aistrithe ag Uilliam Ó Domhnaill, Ardeaspag Thuama agus aistriúchán den Sean-Tiomna, déanta ag Uilliam Bedell, ó dheireadh an chéid sin). Bheartaigh na húdaráis eaglasta Caitliceacha i 1945 go raibh gá le haistriúchán den Bhíobla iomlán i nGaeilge nua-aoiseach, bhunaigh siad coimisiún chuige blianta beaga ina dhiaidh sin agus leagadh an cúram ar an Mons,. Pádraig Ó Fiannachta in Ollscoil Mhá Nuad. Bhailigh an Mons. Pádraig a raibh déanta go dtí sin, fuair sé aistritheoirí eile agus d'aistrigh sé féin roinnt mhaith eile. Anseo i gCill Dara – in Ollscoil Mhá Nuad a rinneadh formhór na hoibre seo. Faoi dheireadh foilsíodh an Bíobla ina iomláine i nGaeilge i 1981. Ba sa Leinster Leader sa Nás a cuireadh faoi chló é agus féadaim a rá aon uair a chastaí an Mons. Padraig orm agus é fillte ar Chorca Dhuibhne, go mbíodh sé i gcónaí ag fiafraí díom conas mar a bhí Stan Hickey, an duine ar fhoireann an Leinster Leader ba mhó a rinne an clóchur an leagan amach. Ábhar maíte ceart ag Cill Dara!

Bunaíodh Glór na Ríogh in 2006 chun freastal ar mhórphobal Ghaelscoil Nás na Ríogh agus ar mhuintir an bhaile. Bunaíodh Sult na Sollán in 2009 chun freastal ar mhórphobal na Sollán agus Nás na Ríogh. Bunaíodh Cill Dara le Gaeilge mar chomhlacht neamhbhrabúis i 2017 chun freastal ar phobal Nás na Ríogh / na Sollán agus ar mhuintir

an chontae. Scríobh Sult na Sollán an chéad phlean chontae do Chill Dara in 2019 agus, tar éis sin, ghlac Cill Dara le Gaeilge leis an bhfreagracht sin. Is é Cill Dara le Gaeilge an cheanneagraíocht don Ghaeilge sa chontae agus tacaíonn sé le grúpaí timpeall an chontae.




## Déan teagmháil linn:

+35345397320
@cilldaragaeilge
www.cilldaralegaeilge.ie
eolas@cilldaralegaeilge.ie



